

Cúnamh Éireann
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
Department of Foreign Affairs and Trade

Tiomantas na hÉireann go mbeach an domhan gan bhochtaineacht agus ocras

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL CHUNAMH ÉIREANN 2011


## Freagrach do Dhaoine, Cuntasach as Cúnamh



An leathanach seo: Iascaire ar Loch Bangweulu, an tSaimbia, 2009. Grianghraf: Panos
An clúdach tosaigh: Margadh torthaí, Mósaimbíc, 2004. Grianghraf: Cúnamh Éireann

# Clár na nÁbhar

| | |
|---|---|
| **Brollach** | 4 |
| **Freagrach do Dhaoine, Cuntasach as Cúnamh** | 6 |
| **Dul chun cinn ar Spriocanna Forbartha na Mílaoise** | 9 |
| **Na hÁiteanna ina nOibrímid: Tíortha Tosaíochta** | 13 |
| **Na hÁiteanna ina nOibrímid: Cláir Tíre eile** | 33 |
| **Ag Freagairt d'Éigeandálaí** | 39 |
| **Ár dTosaíochtaí Téamacha** | 43 |
| **Ár gComhpháirtithe Forbartha** | 49 |
| **Cuntasacht agus Éifeachtacht** | 57 |
| **Rannpháirtíocht Phobal na hÉireann** | 61 |
| **Comhpháirtíochtaí Ardoideachais** | 65 |
| **Iarscríbhinní** | 69 |


an Phalaistín
Siarra Leon
an Libéir
an Aetóip
Uganda
an Tansáin
an Mhaláiv
an tSaimbia
Mósaimbíc
Leosóta
an Afraic Theas
Tíortha Comhpháirtíochta
Tíortha Tosaíochta Eile

**Is é is Cúnamh Éireann ann ná clár cúnaimh oifigiúil na hÉireann do thíortha i mbéal forbartha. Tá sé á bhainistiú ag an Rannóg um Chomhoibriú Forbartha de chuid na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála. Bunaíodh clár Chúnamh Éireann i 1974. Dírítear go háirithe ar an troid in aghaidh na bochtaineachta agus an ocrais i roinnt de na tíortha is lú forbairt ar domhan, go háirithe san Afraic fho-Shahárach. Cuireann an clár cúnamh ar fáil do níos mó ná 80 tír ar fud an domhain, lena n-áirítear naoi dtír chomhpháirtíochta ina bhfuil Éire i mbun cúnamh fadtéarmach straitéiseach.**

**Le haghaidh tuilleadh faisnéise, féach: www.irishaid.gov.ie**



In ainneoin na ndúshlán atá ann, tá dul chun cinn á dhéanamh san Afraic. Tá fás eacnamaíoch ar siúl i mórán tíortha a bhí ag streachailt le bochtaineacht agus le héadóchas oimhe seo.



Eamonn Gilmore TD



Joe Costello TD

# Brollach

Spreagtar tiomantas na hÉireann don chomhrac in aghaidh ocras domhanda lenár dtuiscint ar riachtanais na bpobal is boichte ar domhan, agus lenár dtaithí stairiúil ar ocras, neamhionannas, eisiamh agus bochtaineacht. Is é tabhairt faoi na saincheisteanna sin croí-obair Chúnamh Éireann, ar clár oifigiúil forbartha thar lear na hÉireann é, arna bainistiú ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála.

Is laethanta deacra iad seo do mhuintir na hÉireann, agus is é dearg-thosaíocht an Rialtais an t-athbhunú fáis agus post in Éirinn. Mar sin féin, thugamar tiomantas soiléir nach ndéanfaimis amhlaidh ar chostas na dteaghlach agus na bpobal is boichte ar domhan. Leanfaimid orainn obair leis an domhan i mbéal forbartha, ag cabhrú leis saol níos fearr agus níos inbhuanaithe a fhorbairt do na daoine is boichte. Déanaimid é seo toisc go bhfuil sé ceart, toisc go bhfuil sé i gcomhréir le luachanna agus le heispéiris mhuintir na hÉireann, agus toisc go bhfuil sé lenár leas i ndomhan atá níos idircheangailte. Agus é ag labhairt i bhFaiche an Choláiste i mBaile Átha Cliath i mí na Bealtaine 2011, d’aithin an tUachtarán Barack Obama ról ceannasaíochta idirnáisiúnta na hÉireann, i gcomhar leis na Stáit Aontaithe agus le raon tíortha Afracacha, chun anam a chur i ngníomhaíocht dhomhanda le hocras domhanda agus tearc-chothú a chomhrac. Tá an obair seo lárnach maidir le beartas eachtrach na hÉireann.

Aithnímid go soiléir an prionsabal nach mór do rialtais a bheith freagrach dá saoránaigh féin, d’fhonn fréamhchúiseanna na bochtaineachta a chomhrac. Is í cuntasacht gné riachtanach de rialachas, agus ciallaíonn sé seo cuntasacht na rialtas fála agus bronnta araon dá gcuid saoránach. I measc ár gcomhpháirtithe tíre i mbéal forbartha, tá tíortha atá ag léiriú feabhsuithe i ndáil le cuntasacht ag léiriú feabhsuithe i ndáil le sláinte a gcuid saoránach, gnóthachtáil oideachais agus laghdú bochtaineachta.

Déanaimid an éifeachtacht dár gclár Chúnamh Éireann a thomhas de réir an phointe a fheicimid feabhsuithe fíora ar réimsí amhail slándáil bia, sláinte, agus oideachas sna tíortha ina n-oibrímid. Is go seasmhach a rangaítear Éire ar na tíortha bronnta is fearr maidir le héifeachtacht ár gcúnaimh. Is tosaíocht leanúnach é áirithiú go gcaitear airgead cúnaimh go héifeachtach, leanaimid orainn obair chun áirithiú go n-úsáidtear an t-airgead a chaithimid chun bochtaineacht agus neamhionannas a chomhrac a éifeachtaí is féidir.

Is ilchríoch ag athrú í an Afraic, agus tá dul chun cinn misneach le feiceáil i mórchuid de na tíortha ina n-oibrímid maidir le fás geilleagrach, leibhéil bhochtaineachta atá ag titim, líonta laghdaithe básanna leanaí agus na milliúin leanaí sa bhreis ar scoil. I 2011, sheolamar Straitéis na hAfraice nua de chuid na Roinne a aithníonn an tábhacht atá ag fás geilleagrach inbhuanaithe le bochtaineacht a laghdú. D’aithníomar an dul chun cinn trádála agus fáis chuimsithigh mar chuid dhílis dár n-iarracht ar ocras, bochtaineacht agus eisiamh san Afraic a laghdú. Tá tacaíocht don dul chun cinn tuilleadh cuntasachta ag rialtais dá gcuid saoránach lárnach maidir le cur chun feidhme an bheartais seo.

Is é téama Thuarascáil Bhliantúil 2011 ná cuntasacht. Ar fud na tuarascála, gheobhaidh tú samplaí den dóigh a bhfuil Cúnamh Éireann ag tacú le hobair ár gcomhpháirtithe chun cuntasacht a chur chun cinn agus chun an úsáid is éifeachtaí a bhaint as acmhainní. Bíonn feidhm ag an bprionsabal seo maidir le Cúnamh Éireann a oiread céanna is a gcomhpháirtithe. Tá an ceart ag pobal na hÉireann eolas a bheith aige ar an dóigh a n-úsáidtear a chuid airgid, agus a bheith ar a shuaimhneas go bhfuil sé ag sroicheadh na mbocht.

I 2011, sheolamar Athbhreithniú ar an bPáipéar Bán um Chúnamh Éireann. Is é atá san Athbhreithniú féin meicníocht chuntasachta a chabhróidh leis an áirithiú go bhfreagraíonn clár Chúnamh Éireann do thuairimí agus do bhuarthaí phobal na hÉireann agus ár gcomhpháirtithe. Déanfaidh toradh an Athbhreithnithe ár n-obair sna blianta romhainn a threorú agus ár n-iarrachtaí chun dul i ngleic leis na dúshláin forbartha is práinní a dhíriú. Cuirfidh sé béim ar ár dtiomantas d’fhorbairt thar lear atá, agus a bheidh, ina cholún lárnach de bheartas eachtrach na hÉireann.

**Eamonn Gilmore,**
An Tánaiste agus an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

**Joe Costello,**
An tAire Stáit do Thrádáil agus Forbairt Thar Lear

Adhmad tine á dhíol ag an margadh, an Aetóip, 2006. Grianghraf ag Self Help International.



# Freagrach do Dhaoine, Cuntasach as Cúnamh

Tá an comhrac chun deireadh a chur le fíorbhochtaineacht agus fíor-ocras ar domhan ar cheann amháin de na dúshláin dhomhanda is práinní. Is tábhachtach cuimhneach, áfach, gur bhain tíortha forbartha agus i mbéal forbartha roinnt torthaí iontacha forbartha amach le 10 mbliana anuas trí obair le chéile i gcomhpháirtíocht. Idir 2005 agus 2010, laghdaigh líon iomlán na mbocht ar fud an domhain trí bheagnach leathbhilliún. Rinneadh na milliúin bhásanna leanaí a sheachaint mar gheall ar rochtain níos mó ar vacsaíní agus ar líontáin mhuiscítí. Tá 40 milliún leanbh níos mó ag dul ar scoil inniu ná a bhí ag tús na mílaoise.

Mar sin féin, léiríonn an fhianaise go soiléir go raibh dul chun cinn míchothrom laistigh de thíortha agus idir tíortha. Tá an Afraic fho-Shahárach, ar fócas chlár cúnaimh na hÉireann é, faoi ualach mór bochtaineachta domhanda. Ar na treochtaí reatha, beidh sí mar bhaile do leathchuid de dhaoine bochta an domhain faoi 2030. Tá an spriocdháta 2015 le Spriocanna Forbartha na Mílaoise a bhaint amach ag druidim linn go mear agus, d'ainneoin roinnt dul chun cinn, tá mórán dúshlán tromchúiseach ann go fóill. Mar shampla, tá tearc-chothú go fóill ar cheann amháin d'fhadhbanna sláinte an domhain is tromchúisí ach a dtugtar fúithi is lú. Tá ról ceannasach á imirt ag Éirinn in aird idirnáisiúnta a tharraingt ar an bhfadhb seo, agus ar an bhfíric go bhfuil na hacmhainní agus an t-eolas ag an domhan chun tabhairt fúithi.

Nuair a tháinig ceannairí domhanda le chéile chun athbhreithniú a dhéanamh ar Spriocanna Forbartha na Mílaoise i mí Mheán Fómhair 2010, chomhaontaíodar a ndaingne sa chomhrac in éadan bochtaineachta agus ocrais a neartú. Thiomnaíodar d'obair i dtreo tuilleadh follasachta agus cuntasachta i dtíortha forbartha agus i dtíortha i mbéal forbartha, mar bhealach tábhachtach le dul chun cinn a luathú.

Is amhlaidh seo mar go bhfuil dea-rialachas agus cuntasacht ríthábhachtach chun áirithiú go bhfaighimid na torthaí a iarraimid, bíodh siad in oideachas, sláinte, ocras nó aon cheann eile de Spriocanna Forbartha na Mílaoise. Cuir i gcás, i dtíortha i mbéal forbartha ina bhfuil riail an dlí agus reachtaíocht frith-éillithe níos láidre, bíonn rátaí mortlaíochta máithreacha níos ísle de ghnáth. Tá tábhacht ag cuntasacht níos láidre maidir le cur ar chumas daoine a gcearta daonna a réadú, agus le díriú ar an leithcheal, eisiamh agus easpa cumhachta a luíonn mar fhréamh na bochtaineachta.

Cuireann Éire cuntasacht ag croí a cláir chúnaimh. Tá Cúnamh Éireann, sa Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, freagrach do mhuintir na hÉireann as na hinfheistíochtaí atá á ndéanamh maidir le laghdú bochtaineachta, agus as na torthaí atá á mbaint amach. Sna cúinsí deacra geilleagracha seo, is tábhachtaí anois ná riamh go mbainimid an luach ar airgead agus an toradh is mó amach ónar maoiniú cúnaimh, agus gur féidir linn ár dtorthaí a thaispeáint go soiléir leis an bpobal. Tá an fhreagracht chéanna againn do na comhpháirtithe lena n-oibrímid, agus do na daoine a bhaineann tairbhe as ár n-iarrachtaí.

Mhol Athbhreithniú Piaraí an ECFE ar chlár Chúnamh Éireann i 2009 *próiseas dian seiceálacha agus rialuithe inmheánacha* de chuid Chúnamh Éireann. Táimid freagrach don Oireachtas, don Choiste um Chuntais Phoiblí agus don Chomhchoiste um Ghnóthaí Eachtracha agus Trádáil. Táimid freagrach freisin do Choiste Iniúchóireachta neamhspleách na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála. Déanann Aonad inmheánach Iniúchóireachta agus Meastóireachta iniúchtaí agus measúnuithe rialta ar an gclár cúnaimh, mar atá leagtha amach ar leathanach 55 den Tuarascáil.

Ag leibhéal níos leithne, coimeádtar Cúnamh Éireann cuntasach as an ECFE agus daoine eile a chuireann dúshlán fúinn ar bhonn leanúnach. Déanann Cúnamh Éireann a dhícheall caighdeán agus tionchar ár gcúnaimh a fheabhsú trí chomhaontuithe idirnáisiúnta ar aidhm dóibh torthaí níos fearr a sholáthar a chur chun feidhme. Áirítear orthu an Chomhpháirtíocht dhomhanda nua um Chomhar Forbartha Éifeachtach a comhaontaíodh i Busan, Poblacht na Cóiré, i mí na Samhna 2011.

Tá go leor aird ag Cúnamh Éireann ar a oibleagáidí cuntasachta idirnáisiúnta. Mar thoradh air seo, is go seasmhach a rangaítear clár cúnaimh na hÉireann, is é sin clár cúnaimh mhuintir na hÉireann, go bhfuil sé den scoth.




Tugann Joe Costello, an tAire Stáit, cuairt ar leanaí scoile i Makeni, Siarra Leon, 2012. Grianghraf ag Bex Singleton.

Tá feidhm ag an fócas soiléir seo ar chuntasacht maidir leis an gclár ar fad agus tá sé mar bhonn dár gcomhpháirtíocht le daoine eile. Oibríonn Cúnamh Éireann le haireachtaí agus gníomhaireachtaí rialtais sa domhan i mbéal forbartha chun cabhrú leo beartais a sholáthraíonn seirbhísí poiblí ardchaighdeáin a phleanáil agus a chur chun feidhme ar bhealach follasach cuntasach. Tacaímid le ról ríthábhachtach maoirseachta na bparlaimintí chun rialtais a choimeád cuntasach as an mbaint amach torthaí soiléire forbartha. Neartaímid institiúidí iniúchóireachta neamhspleácha d'fhonn béim a leagan ar éifeachtúlacht agus ar éifeachtacht an chaiteachais rialtais cibé áit ina n-oibrímid.

Is cuid thábhachtach d'obair Chúnamh Éireann í tacaíocht a áirithiú d'Eagraíochtaí Neamhrialtasacha (ENRanna) atá neamhspleách, láidir agus freagrach. Tacaímid le heagraíochtaí sochaí sibhialta chun taighde a dhéanamh a éascaíonn tacaíocht agus faireachán buiséid éifeachtach. Dírítear é seo ar chinntiú go sroicheann acmhainní iad siúd dá bhfuil siad beartaithe. Mar an gcéanna, cuirimid dúshlán faoi chomhpháirtithe ENR a bheith follasach, agus cuntasach as a gcuid oibre agus as na torthaí a bhaineann siad amach.

Oibrímid freisin chun áirithiú go bhfuil comhdheiseanna ag fir agus mná páirt a ghlacadh i bpróisis chinnteoireachta ag an leibhéal pobail, áitiúil agus náisiúnta. Is príomhghné de chuntasacht dhaonlathach é comhionannas inscne. Tá ár dtacaíocht do thimpeallacht meán ilchineálach agus ilghnéitheach sna tíortha ina n-oibrímid tábhachtach freisin maidir le rochtain ar fhaisnéis agus ar dhíospóireacht a sholáthar, agus le háirithiú gur féidir Rialtais a choimeád cuntasach as a gcuid gníomhartha.

Is é seo an áit ina bhfuil tábhacht ag cuntasacht - ag an leibhéal áitiúil. Is ar mhaithe le háirithiú go bhfuil cuntasacht éifeachtach ar na rialtais agus ar na comhpháirtithe lena n-oibrímid dá gcuid saoránach agus do na daoine a ndéanann siad ionadaíocht dóibh atá sé seo.

Mar a chuimhnímid ar an saol atá romhainn, leanfaimid orainn tuilleadh follasachta agus cuntasachta a áirithiú don chlár cúnaimh anseo in Éirinn agus i measc na ndaoine lena n-oibrímid thar lear araon. Sa chomhthéacs seo, freagraíonn an tAthbhreithniú ar an bPáipéar Bán um Chúnamh Éireann, arna sheoladh ag an Rialtas i 2011 agus arna dhéanamh le linn 2012, do chleachtadh tábhachtach cuntasachta é féin. Tríd an athbhreithniú seo, beidh sé mar aidhm againn áirithiú go mbeidh tosaíochtaí cúnaimh todhchaíocha na hÉireann soiléir, dírithe agus eolasach go fóill. Sa chaoi seo, leanfaidh Cúnamh Éireann air difear a dhéanamh agus torthaí fíora agus marthanacha a bhaint amach mar a bhfuil siad is tábhachtaí, i saol roinnt de na pobail is boichte ar domhan.



Chabhraigh Cúnamh Éireann leis an Uasal Magawa a phlásán crann féin a bhunú, Kilosa, An Tansáin, 2004. Grianghraf ag Pieternella Pieterse

# Dul chun cinn ar Spriocanna Forbartha na Mílaoise

Is iad Spriocanna Forbartha na Mílaoise (SFManna) ocht sprioc forbartha a thiomnaigh 189 ballstát de na Náisiúin Aontaithe, Éire san áireamh, dá mbaint amach faoin mbliain 2015. Tá na staitisticí a úsáidtear anseo bunaithe ar Thuarascáil SFM 2011 na NA agus ar Thuarascáil SFM 2012 na NA níos déanaí. Glacadh roinnt staitisticí eile ó Thuarascáil Dhomhanda 2010 de chuid na Náisiún Aontaithe maidir le SEIF.

## 1: Deireadh a chur le fíorbhochtaineacht agus fíor-ocras

I 1990, bhí breis agus 2 billiún duine ar fud an domhain ag maireachtáil ar níos lú ná $1.25 in aghaidh an lae. Faoi 2008, laghdaigh an líon go níos lú ná 1.4 billiún. Ar na treochtaí reatha, táthar ag coinne go mbainfear an sprioc amach maidir le líon na ndaoine ar fud an domhain ag maireachtáil i bhfíorbhochtaineacht a laghdú faoina leath roimh an sprioc 2015 de SFM. Cé go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh maidir le bochtaineacht a laghdú, níl sé seo ag aistriú go laghdú suntasach ar leibhéil ocrais. Tá an sprioc maidir le céatadán na ndaoine ag fulaingt ocrais a laghdú faoina leath as raon agus éileofar tuilleadh gníomhaíochta idirnáisiúnta dá mbainfí amach í.

## 2: Oideachas bunscoile uilíoch a bhaint amach

Go hidirnáisiúnta, laghdaigh líon na leanaí as scoil ó 106 milliún leanbh go 67 milliún leanbh idir 1999 agus 2009. Tá an Tansáin agus an tSaimbia araon an-chóngarach don sprioc um oideachas bunscoile uilíoch a bhaint amach. Chonacthas an feabhsú is mó i nDeisceart na hÁise agus i dTuaisceart na hAfraice, le méaduithe timpeall ar 20% ar líon na leanaí cláraithe ar bhunscoil, agus léiríodh feabhsú de 7% san Afraic fho-Shahárach.

## 3: Comhionannas inscne a chur chun cinn agus mná a chumhachtú

I réigiúin i mbéal forbartha, b'ionann an cóimheas cailíní agus buachaillí cláraithe ar bhunscoil is ar mheánscoil agus 96 cailín in aghaidh gach 100 buachaill i 2009. Is feabhsú suntasach é seo ó 1999, nuair ab ionann an cóimheas agus 91 cailín in aghaidh gach 100 buachaill. I 2010, cláraíodh méaduithe i leathchuid de na toghcháin pharlaiminteacha, agus chonacthas an dul chun cinn is suntasaí i dTuaisceart na hAfraice.

## 4: Mortlaíocht leanaí a laghdú

Laghdaigh líon na mbásanna i leanaí faoi bhun cúig bliana d'aois ar fud an domhain ó 12.4 milliún i 1990 go 7.9 milliún i 2010, rud a d'fhreagair do 13,000 leanbh níos lú ag fáil bháis gach lá. I ndeich dtír, 4 thír san Afraic fho-Shahárach san áireamh, chonacthas titim de bhreis agus 50% ar bhásanna leanaí idir 1990 agus 2009. Chonacthas laghdú de bhreis agus 100 bás in aghaidh gach 1,000 beobhreith i sé thír. Ar na sé thír, bhí cúig cinn san Afraic fho-Shahárach.

## 5: Feabhas a chur ar shláinte máithreacha

Go domhanda, is mall atá dul chun cinn ar fheabhas a chur ar shláinte máithreacha, mar nach bhfuil ach 23 tír ar an raon leis an sprioc a chomhlíonadh maidir le laghdú 75% a bhaint amach i mortlaíocht máithreacha. Léiríodh laghduithe 40% nó níos mó ar líon na mban ag fáil bháis le linn breith clainne i 90 tír idir 1990 agus 2008, áfach, agus tuairiscíodh roinnt méaduithe i 57 tír eile. Idir 1990 agus 2009, mhéadaigh céatadán na mban ag fáil cúram réamhbhreithe go mór i ngach réigiún i mbéal forbartha, méadú ó 64% go 81% ar líon na mban torrach ag freastal uair amháin ar a laghad le linn toirchis. I Leosóta, chonacthas méadú ó 52% i 2004 go beagnach 59% i 2009 ar chéatadán na mban a shaolaíonn i saoráidí sláinte.

## 6: Comhrac in aghaidh VEID/SEIF, maláire agus galar eile

Laghdaigh básanna a bhain le SEIF go 1.8 milliún i 2010, titim ó bhuaic 2.2 milliún i lár na 2000í. Mhéadaigh líon na mban fabhtaithe le VEID ag fáil cóireála ó 45% i 2008 go 53% i 2009. Is san Afraic a bhí an laghdú is mó ar bhásanna ó mhaláire, áit inar laghdaigh 11 tír cásanna agus básanna maláire trí bhreis agus 50 faoin gcéad. Mar thoradh ar straitéis éifeachtach idirnáisiúnta maidir le fáthmheas agus cóireáil eitinne, sábháladh suas le 6 milliún beatha ar fud an domhain ó 1995.

## 7: Inbhuaine comhshaoil a chinntiú

Baineadh amach an sprioc maidir le céatadán na ndaoine ar domhan nach bhfuil fáil ar uisce óil sábháilte acu a laghdú faoina leath. Mar sin féin, d'ainneoin roinnt feabhsaithe, níl fáil ag 2.5 billiún duine i réigiúin i mbéal forbartha ar bhunáiseanna sláintíochta. Is neamhdhóchúil, ag an ráta seo dul chun cinn, go mbainfear amach an sprioc um shláintíocht feabhsaithe faoi 2015.

## 8: Comhpháirtíocht dhomhanda a fhorbairt don fhorbraíocht

I 2011, b'ionann caiteachas domhanda ar chúnamh agus $133.5 billiún, rud a d'fhreagair do 0.31% de chomhioncam náisiúnta na dtíortha i mbéal forbartha. Ba laghdú 2.7% é seo i gcomparáid le 2010 nuair a shroich cúnamh forbartha oifigiúil buaic. Sháraigh Éire na 12 sprioc idirnáisiúnta, seachas ceann amháin, maidir leis an éifeachtacht cúnaimh agus rangaíodh í sa chéad áit san AE agus ar na tíortha is fearr ar domhan i ndáil le caighdeán agus éifeachtacht ár gcúnaimh. Mhéadaigh sciar an domhain i mbéal forbartha d'úsáideoirí Idirlín an domhain ó 44% i 2006 go 63% i 2011, ag soláthar saoránach le faisnéis mhéadaithe, agus deiseanna le haghaidh oideachais, gnó agus cumarsáidí.



Soilse ar Kabwe, Dúiche Luwingu, 2012. Grianghraf ag Chosa Mweemba



Bailíonn cailín uisce i bhforaois, Uganda, 2008. Grianghraf ag Panos

# Na hÁiteanna ina nOibrímid

**Tíortha Tosaíochta Chúnamh Éireann**


| | |
|---|---|
| an Aetóip | 14 |
| Leosóta | 16 |
| an Mhaláiv | 18 |
| Mósaimbíc | 20 |
| Tíomór Thoir | 22 |
| an Tansáin | 24 |
| Uganda | 26 |
| Vítneam | 28 |
| an tSaimbia | 30 |

Eochairfhíorais Tíre



# an Aetóip

Daonra **84.7 milliún**
Céatadán daoine ag maireachtáil ar níos lú ná $1.25 in aghaidh an lae **39%**
Rangú ar Innéacs um Fhorbairt Dhaonna na NA 2011 **174 as 187 tír**
Tír Chomhpháirtíochta ó **1994**

## Seirbhísí a fheabhsú trí chuntasacht feabhsaithe

I 2011, lean an Aetóip uirthi dul chun cinn an-suntasach a dhéanamh i dtreo bhaint amach Spriocanna Forbartha na Mílaoise. D'fhás an geilleagar ag 7.5% agus rinneadh an-dul chun cinn maidir le leibhéal na seirbhísí poiblí ar fáil. Bhí rochtain níos fearr ag an-chuid Aetópach ar scoileanna, ar ionaid sláinte, agus ar bhunseirbhísí eile amhail uisce agus leictreachas.

Thacaigh Éire le soláthar an raoin níos mó seirbhísí sóisialta éigeantacha san Aetóip trínár rannpháirtíocht sa chlár ildeontóirí um *Chosaint Bunseirbhísí* (CBS). Tacaíonn an clár seo le feabhsú na seirbhísí sláinte, oideachais, uisce, bóithre tuaithe agus talmhaíochta ar fud an chontae. Sholáthair Cúnamh Éireann tacaíocht freisin don earnáil sláinte chun seirbhísí sláinte máithreacha agus linbh a fheabhsú go náisiúnta agus i Réigiún na Náisiún, Náisiúntachtaí agus Daoine Theas (RNNDT), arb ionann é agus ceann de na ceantair is mó agus is éagsúla ó thaobh eitneachais de. Léiríodh i dtáscairí sláinte san Aetóip dul chun cinn iontach, le laghdú 38% ar rátaí mortlaíochta leanaí faoi bhun cúig bliana d'aois idir 2005 agus 2010.

Ag aithint go neartaíonn cuntasacht agus follasacht mhéadaithe do shaoránaigh caighdeán na seirbhísí poiblí, mhaoinigh Cúnamh Éireann an chomhpháirt Cuntasachta Sóisialta den chlár CBS i 2011. Thug sé seo úsáideoirí seirbhísí poiblí le chéile leis na soláthraithe chun plé a spreagadh ar an gcaighdeán seirbhísí agus ar mholtaí le haghaidh feabhsuithe. Bhí fócas ar leith ag an bpróiseas ar shaincheisteanna inscne, ar chuimsiú sóisialta agus ar na grúpaí is imeallaithe. Tá sé beartaithe ag an gclár freisin córais a fhorbairt a ligeann do shaoránaigh go dtabharfar faoina ngearáin i ndáil le rochtain agus caighdeán seirbhísí.

Faoin gclár seo, rinneadh 57 ENR a oiliúint le huirlisí agus cur chuige cuntasachta sóisialta, amhail Cártaí Tuairisce Saoránaigh, Scórchártaí Pobail agus Rialú Buiséid Phoiblí. Dheimhnigh measúnú neamhspleách go gcuirtear san áireamh i dtorthaí ag an leibhéal áitiúil feabhsuithe ar rochtain ar uisce, áiseanna sláinte máithreacha, tuilleadh seomraí ranga, (féach an cás-staidéar) teagasc do leanaí i ngátar agus áiseanna leithris ar leith do chailíní i scoileanna.

I réimse an rialachais, bhí Cúnamh Éireann i mbun clár tacaíochta ildeontóra d'eagraíochtaí neamhrialtasacha. Bhí Éire ar cheann amháin de thrí dheontóir a bhí ag obair le grúpaí Rialtais agus neamh-rialtais ag plé le saincheisteanna imní, lena n-áirítear iad siúd a thagann as cur i bhfeidhm reachtaíocht na hAetóipe um eagraíochtaí sibhialta.


I 2011, b'ionann bia, cothú agus slándáil slí bheatha agus ceann amháin de réimsí tosaíochta na hÉireann san Aetóip. Sholáthair an *Clár Líontán Sábhála Táirgiúil* (CLST), ar ceann de na príomhchláir lenar thacaigh Éire é, tacaíocht intuartha airgid nó bia i gcomaoin obair ríthábhachtach ar thionscadail ar nós athshlánú talún. Chabhraigh an CLST le saol seacht milliún duine a chosaint, nuair a thug an Aetóip agus tíortha eile i gCorn na hAfraice aghaidh ar na héifeachtaí ag triomach fadtréimhseach. D'aimsigh measúnú ar an gclár a foilsíodh i 2011 gur thit an tréimhse neamh-shlándála bia faoi thrian idir 2006 agus 2010 i leith na dteaghlach a bhí ag baint leas as.

## Torthaí an Leibhéil Náisiúnta ar Thacaigh Cúnamh Éireann leo

**Laghdaigh céatadán an daonra atá ag maireachtáil faoi thairseach na bochtaineachta faoi 14% ó 1999**

**Laghdaigh mortlaíocht leanaí faoi bhun cúig bliana d'aois faoina leath ó 2000**

**Laghdaigh céatadán na leanaí faoi bhun an ghnáthmheáchain ó 39% go 29% idir 2005 agus 2010**



Kiros Tesfaye, Bizet, an Aetóip. 2011 Grianghraf: Bethelihem Kassa.

## Cás-Staidéar Ag cabhrú le saoránaigh a gcuid teidlíochtaí a thuiscint

Tá Kiros Tefaye, feirmeoir a chónaíonn láimh le baile Bizet in ardchríocha carraigeacha na hAetóipe, ag cabhrú leis an gcaighdeán oideachais i scoil náisiúnta áitiúil a mhic a fheabhsú. Tar éis dóibh áiseanna na scoile a scrúdú le chéile, tháinig tuismitheoirí, múinteoirí agus ionadaithe rialtais áitiúil ar chomhaontú maidir le tosaíochtaí agus le plean gníomhaíochta chun tabhairt faoi fhadhbanna. Mar thoradh ar an gcruinniú, sholáthair an pobal cistí agus saothar le haghaidh seomra ranga nua, sholáthair an t-údarás oideachais áitiúil téacsleabhair bhreise agus tá an rialtas áitiúil ag píobú uisce chuig an scoil.

Tá baint ag Kiros le tionscadal Cuntasacht Shóisialta' a dtacaíonn Cúnamh Éireann leis. Tugann sé seo muintir an bhaile le chéile le húdaráis rialtais agus oideachais áitiúil. Cabhraíonn eagraíochtaí neamhrialtasacha áitiúla le saoránaigh a gcuid teidlíochtaí ar sheirbhísí poiblí a thuiscint, smaointe agus buarthaí a ardú, agus tacú le seirbhísí feabhsaithe. D'athchoimrigh Kiros an difríocht a rinne sé seo:

**"chabhraigh an próiseas linn teacht le chéile agus freagairt d'fhadhbanna. Ní scoil an Rialtais í seo, is ár scoil féin í."**



# Leosóta

Daonra **2.2 milliún**
Céatadán daoine ag maireachtáil ar níos lú ná $1.25 in aghaidh an lae **43.45%**
Rangú ar Innéacs um Fhorbairt Dhaonna na NA 2011 **160 as 187 tír**
Tír Chomhpháirtíochta ó **1975**

## Dul chun cinn polaitiúil agus geilleagrach ach tá rátaí bochtaineachta agus VEID ard go fóill

Lean geilleagar Leosóta air feabhsú i 2011, d'ainneoin na géarchéime domhanda geilleagraí. Tháinig fás ar dhiamaint, le táirgeacht ag méadú faoi bheagnach trian. Mhéadaigh ioncaim ó Aontas Custaim Dheisceart na hAfraice faoi 36% mar gheall ar fhás ar gheilleagar na hAfraice Theas. I dteannta chaitheamh an rialtais, chabhraigh sé seo leis an mbuiséad a chomhardú.

Chuir Leosóta a *Tuarascáil Athbhreithnithe Piaraí Afracacha* i gcrích i 2011, tuarascáil a d'athbhreithnigh daonlathas agus dul chun cinn polaitiúil, geilleagrach, corparáideach agus socheacnamaíoch. Thug an tuarascáil dá haird, i ndáil le rialachas polaitiúil, go raibh dul chun cinn i gcuimsiú níos leithne páirtithe polaitíochta éagsúla a iarraidh.

D'ainneoin na bhforbairtí dearfacha seo, tá an dara leibhéal is airde neamhionannais i ndáil le dáileadh ioncaim ar domhan ag Leosóta, le fíorbhochtaineacht le feiceáil go háirithe i réigiúin tuaithe agus sléibhe. Tá an tríú leibhéal is airde leitheadúlachta VEID ar domhan aici, mar a bhfuil timpeall ar 23% de dhaoine idir 15 bliana d'aois agus 49 bliain d'aois ag iompar an víris. Tá Leosóta faoi réir neamhshlándáil ainsealach bia freisin agus braitheann sí go mór ar sheoltáin eisimirceacha.

## Cúnamh Éireann i Leosóta

Bunaíodh clár cúnaimh déthaobhach na hÉireann i Leosóta i 1975. Is é príomhaidhm an chláir reatha seirbhísí as a mbaineann na boicht leas díreach a fheabhsú. Tá an fócas ar bhunoideachas, ar chúram príomha sláinte, ar chóireáil VEID agus SEIF, ar rochtain tuaithe ar uisce agus ar shláintíocht, agus ar shlándáil bia. Tá an clár ag cabhrú freisin le rialachas agus bainistíocht airgeadais phoiblí a neartú. I 2011, sholáthair Cúnamh Éireann €500,000 le haghaidh tacaíocht éigeandála talmhaíochta do 18,000 daoine feirmeoireachta leochaileacha agus le haghaidh an tseachadta cúnaimh bhia do 4,500 duine i gceantair thuaithe shléibhe. Shínigh Éire comhaontú idir-aireachta i 2011 chun cabhrú leis an mbunú 257 post altranais roimh dheireadh 2012. Déanfaidh Rialtas Leosóta maoiniú na bpost seo a ionchorprú go hiomlán ina phárolla i 2013.

Tá rialachas ina ghné thábhachtach den chlár i Leosóta freisin. Cuireadh €2.05 milliún ar fáil i 2011 le haghaidh tionscnamh chun cuntasacht an rialtais do shaoránaigh a fheabhsú. Cuireadh tacaíocht leanúnach ar fáil do chlár atá ag cabhrú le hacmhainn na Parlaiminte, an Choimisiúin Toghcháin Neamhspleách, Oifig an Ombudsman agus an Choimisiúin nua um Chearta an Duine a fhorbairt. Cuireadh tacaíocht ar fáil do chlár forbartha acmhainn chun feidhmíocht i soláthar agus cuntasaíocht a fheabhsú d'fhostaithe rialtais. Thacaigh Cúnamh Éireann freisin le feachtas in aghaidh foréigean bunaithe ar inscne i gceantair shléibhe nach n-aithnítear cearta na mban go hiomlán iontu.

I 2011, rith Parlaimint roinnt píosaí tábhachtacha reachtaíochta, lena n-áirítear:

- an tAcht um Chosaint Leanaí agus Leasa
- Acht na Talún, a chuireann úinéireacht ban ar thalamh chun cinn
- an tAcht um Thionól Náisiúnta, 2011, a chuirfidh leis an reáchtáil toghchán saor agus cóir
- an 6ú leasú ar an mbunreacht as ar tháinig an Bille um Chearta an Duine

## Torthaí an Leibhéil Náisiúnta ar Thacaigh Cúnamh Éireann leo

**Bhí méadú 70% ar chlárú i ranganna réamhscoile mar thoradh ar athchóiriú 100 seomra ranga. Ag an leibhéal bunscoile, tógadh 64 seomra ranga i 16 scoil, rud a bhfuiltear ag súil go gcuirfidh sé le cóimheasa feabhsaithe múinteora/daltaí**

**Shroich beagnach 67% de dhaltaí an grád deiridh den bhunscoil i 2011, i gcomparáid le 61% díobh i 2010**

**Mhéadaigh céatadán na mban torrach a bhfuil VEID acu ag fáil cóireála ó 71% i 2009 go 81% i 2011 leis an riosca tarchuir mháthar go leanbh a laghdú**

Ceann Comhairle na Parlaiminte, - Mthloi Motsamai, Maseru, Leosóta. 2011 Grianghraf: Lelimo Mosito



## Cás-Staidéar - Ról an Choiste um Chuntais Phoiblí (PAC) in éifeachtúlacht agus éifeachtacht na n-acmhainní forbartha a áirithiú

Is coiste parlaiminteach é an Coiste um Chuntais Phoiblí (PAC) a mheasann ráitis airgeadais agus tuarascálacha iniúchóra a eisíonn an tArd-Iniúchóir le haghaidh na n-aireachtaí agus na ranna rialtais go léir i Leosóta. Fiosraíonn an PAC aon mhíbhainistíocht cistí poiblí agus déanann sé moltaí do shuí ginearálta parlaiminte.

Tar éis oiliúna arna heagrú ag Cúnamh Éireann, ghlac an PAC cur chuige níos réamhghníomhaí i 2011 maidir le torthaí tuarascálacha Iniúchóra agus Ombudsman a fhiosrú. Cuimsíodh iontu moltaí le haghaidh ionchúisimh tar éis tuarascáil ar an mí-úsáid cistí a bhaineann le scéim iasachta talmhaíochta a scrúdú. Bhreathnaigh an PAC go géar ar an mbronnadh tairiscintí le haghaidh tógáil bóithre agus foirgneamh rialtais.

Bhí dea-fhreagairt saoránach d'obair an Choiste um Chuntais Phoiblí i 2011, rud a chonacthas sa líon ard clár fónála isteach raidió agus litreacha sna nuachtáin áitiúla. Thug Vincent Malebo, Cathaoirleach an Choiste, aitheasc do chomhdhálacha preasa mar ar chuir sé béim ar ról an PAC in áirithiú go n-úsáidtear acmhainní poiblí chun críocha forbartha agus chun cuntasacht a chur chun cinn.



# an Mhaláiv

Daonra **15.4 milliún**
Céatadán daoine ag maireachtáil ar níos lú ná $1.25 in aghaidh an lae **73.9%**
Rangú ar Innéacs um Fhorbairt Dhaonna na NA 2011 **171 as 187 tír**
Tír Chomhpháirtíochta ó: **2007**

## Ag cabhrú le teaghlaigh bochtaineacht a chomhrac trí thacaíocht ioncaim

Braitheann a geilleagar go háirithe ar thalmhaíocht agus braitheann formhór an phobail ar fheirmeoireacht leathchothaitheach, rud a chiallaíonn go bhfásann siad bia atá dóthanach lena dteaghlach a chothú ach nach bhfuil go leor chun trádáil nó fairsingiú. D'imir éifeachtaí an athraithe aeráide agus an chúlaithe dhomhanda tionchar suntasach ar tháirgiúlacht agus ar fhás geilleagrach. Tháinig cruatan méadaithe do shaoránaigh na Maláive as triomach agus báisteach chorrach, de bhreis ar mhéadú tapa ar phraghsanna bia agus dianeasnaimh bhreosla agus leasacháin, agus tá trian de mhuintir na Maláive gannchothaithe.

## Cúnamh Éireann sa Mhaláiv

Tá Cúnamh Éireann ag cabhrú le cinntiú go bhfuil teaghlaigh cothaithe níos fearr agus nach bhfuil siad chomh leochaileach ar bhochtaineacht trína thacaíocht do rialtas áitiúil feabhsaithe agus do sholáthar feabhsaithe seirbhísí. I 2011, chabhraigh Cúnamh Éireann le struchtúir bhainistíochta airgeadais poiblí agus rialachais ag an leibhéal náisiúnta agus dúiche d'fhonn acmhainní talmhaíochta agus cosaint shóisialta a sholáthar do 700,000 feirmeoir Malávach agus teaghlach bocht.

I 2011, lean Cúnamh Éireann air tacaíocht a thabhairt do Rialtas na Maláive chun an *Clár Fóirdheontais Ionchuir Feirme* a chur chun feidhme, a tugadh isteach mar fhreagairt do ghorta agus do dhianeasnaimh bhia i 2005. Tá sé seo ag cabhrú le 1.4 milliún feirmeoir bocht beagsheilbhe leasacháin inacmhainne, arbhar Indiach ardchaighdeáin agus síolta glasraí a rochtain. I 2011, tháinig méadú suntasach ar an bhfáil ar bhia go náisiúnta as barrachas náisiúnta arbhair Indiaigh, ar príomhbhia na tíre é, agus as méadú 17% ar tháirgeacht léagúim (piseanna talún, pónairí agus piseanna). Mar sin féin, bhí triomaigh shuíomhaithe i 2011 ina gcúis le heasnaimh bhia i roinnt dúichí. Mar fhreagra, thacaigh Cúnamh Éireann leis an gClár Domhanda Bia chun bia a chur ar fáil do bhreis agus 200,000 teaghlach i limistéir a ndeachthas i bhfeidhm orthu.

Soláthraíonn an *Clár Náisiúnta Sóisialta um Aistriú Airgid* liúntas airgid chun tacú leis an 10% is boichte den daonra bia a cheannach. Chabhraigh Éire leis an Rialtas an clár a sholáthar do bheagnach 28,000 teaghlach bocht, arb ionann é agus 140,000 duine san iomlán. Agus íocaíochtaí rialta airgid de thimpeall ar €12 sa mhí á chur ar fáil aige do gach teaghlach, rannchuidigh an clár le tinreamh scoile méadaithe agus laghdú ar fhostú leanaí mar go n-éilíonn sé ar leanaí freastal ar scoil.

I 2011, trí Concern Universal, chabhraigh Cúnamh Éireann leis an rialtas áitiúil freisin seirbhísí éifeachtacha a phleanáil agus a chur ar fáil chun slándáil bia, cothú, sláinte, ioncam, rochtain ar uisce agus ar sheirbhísí a fheabhsú le haghaidh 135,000 duine in dhá dhúiche. Ina theannta sin, chabhraigh Cúnamh Éireann le heagraíochtaí neamhrialtasacha sa Mhaláiv chun éifeachtúlacht, cuntasacht agus rialachas cumasach freagrúil a chur chun cinn trína thacaíocht do chlár a chuireann ar chumas na saoránach eisiamh sóisialta a laghdú agus an Rialtas agus soláthraithe seirbhíse eile a choimeád cuntasach.

## Torthaí an Leibhéil Náisiúnta ar Thacaigh Cúnamh Éireann leo

**Mhéadaigh táirgeacht glasraí faoi 17% i 2011 go náisiúnta mar thoradh ar an soláthar síolta agus leasachán go 1.4 milliún feirmeoir beagsheilbhe**

**Laghdaigh ráta uireasa vitimín A i measc leanaí faoi 5 bliana d'aois ó 44% i 2008 go 22% i 2011; mar gheall ar thacaíocht d'fheirmeoirí go páirteach chun prátaí milse craicne oráiste atá saibhir i vitimín A**

**I nDúiche Salima, mhéadaigh na hacmhainní atá ar fáil chun bunseirbhísí a chur ar fáil faoi 32% ó 2010 mar thoradh ar chlár forbartha acmhainne do chomhairlí dúiche i mbainistíocht airgeadais agus i gcuntasacht**



(Deas go Clé) Monica, 17 mbliana d'aois le babaí; Nduza, 11 bhliain d'aois; Zione, 8 mbliana d'aois, Mavuto, 6 bliana d'aois agus Milliward, 3 bliana d'aois. Dúiche Salima, an Mhaláiv. 2011 Grianghraf: CÉINAL

## Cás-Staidéar - Tacaíonn dea-rialachas le díothú bochtaineachta agus ocrais

Fágadh Lise Lebiya, seanmháthair ar baintreach í, cúram a thabhairt do sheachtar garleanaí agus iarua amháin tar éis bhás a hiníne. Ní raibh na leanaí, a bhí míchothaithe agus breoite go minic, ag freastal ar scoil go rialta agus bhí orthu obair i gcomaoin bia. Le cúnamh ón *gClár Sóisialta um Aistriú Airgid,* faigheann Lise €12 sa mhí anois, airgead a úsáideann sí le bia agus beostoc a cheannach agus lena ceathrar garleanaí incháilithe a choimeád ar scoil. Fuair Lise síolta arbhair Indiaigh agus léagúim agus mála leasacháin freisin ón *gClár Fóirdheontais Ionchuir Feirme*. Táirgeann Lise agus a clann go leor bia chothaithigh agus a garleanaí ag leanúint ar aghaidh ar scoil.

Athdhéantar scéal Lise ar fud na Maláive mar a n-oibríonn rialtais áitiúla chun bunseirbhísí leasa a thabhairt do na saoránaigh is leochailí sa Mhaláiv. Tá Cúnamh Éireann ag cabhrú le struchtúir rialtais áitiúil tabhairt faoi riachtanais na dteaghlach i mbaol bochtaineachta agus neamhshlándála bia.



# Mósaimbíc

Daonra **23.9 milliún**
Céatadán daoine ag maireachtáil ar níos lú ná $1.25 in aghaidh an lae **60%**
Rangú ar Innéacs um Fhorbairt Dhaonna na NA 2011 **184 as 187 tír**
Tír Chomhpháirtíochta ó **1996**

## Ag cabhrú leis an Rialtas chun Cuntasacht a Fheabhsú

Chonacthas cobhsaíocht pholaitiúil i Mósaimbíc ó cuireadh deireadh leis an gcogadh cathartha treascach i lár na 1990í. Ó shin i leith, bhunaigh Mósaimbíc í féin mar cheann de na geilleagair is tapa fáis sa réigiún le ráta fáis bhliantúil de bhreis agus 7% i 2011, lenar chabhraigh fómhair mhaithe, tionscadail chaipitil mhórscála gus feidhmíocht láidir san earnáil seirbhísí. Mar sin féin, tá níos mó ná leathchuid den daonra ag maireachtáil faoi thairseach na bochtaineachta.

I mí na Bealtaine 2011, d'fhaomh Rialtas Mhósaimbíc an *Straitéis Laghdaithe Bochtaineachta 2011-2014* atá nua. Is ionann an phríomhsprioc agus laghdú ar líon na ndaoine ag maireachtáil ar níos lú ná $0.50 sa lá ó 55% go 42% faoi 2014. Sainaithníonn sí freisin gurb iad táirgeacht agus táirgiúlacht talmhaíochta; cruthú fostaíochta; agus forbairt dhaonna agus shóisialta na trí phríomh-cholún le haghaidh forbartha.

## Cúnamh Éireann i Mósaimbíc

Déanann Mósaimbíc athbhreithniú bliantúil trína ndéanann an Rialtas, deontóirí agus sochaí shibhialta comh-mheasúnú ar an dul chun cinn arna dhéanamh ag an Rialtas chun aghaidh a thabhairt ar laghdú bochtaineachta. Féachann an t-athbhreithniú ar éachtaí ar fud na n-earnálacha (sláinte, oideachas, rialachas, talmhaíocht etc) in aghaidh príomhtháscairí dul chun cinn agus spriocanna a chomhaontaigh an Rialtas agus a chomhpháirtithe. Mar shampla, léiríodh i dtorthaí an athbhreithnithe gur comhlíonadh an sprioc um laghdú bochtaineachta den chéad uair.

Déanann an t-athbhreithniú measúnú freisin ar an dóigh ar chomhlíon gach tír bhronnta a ceanglais maidir le héifeachtacht a cúnaimh, bunaithe ar chaighdeáin atá comhaontaithe go hidirnáisiúnta. I 2011, d'aithin an Rialtas gurb í Éire an tír bhronnta is fearr i ndáil le comhlíonadh na n-oibleagáidí seo. Tháinig bunachar sonraí arna mhaoiniú ag Éirinn agus ag an Ísiltír i bhfeidhm i 2011 chun tionscadail tíortha bronnta agus na Náisiún Aontaithe i Mósaimbíc a rianú, agus úsáideann an Rialtas anois é le haghaidh pleanála.


Faomhadh *Straitéis Slándála Sóisialta'* nua ina gcuirtear san áireamh den chéad uair forálacha sonracha le haghaidh cosanta sóisialta do leanaí leochaileacha agus do theaghlaigh a bhfuil leanaí ina mbun. Tá Cúnamh Éireann ag obair anois ar chóras cuimsitheach a fhorbairt lena chur chun feidhme leis an Rialtas, le CÉINAL (UNICEF) agus le roinnt deontóirí eile.

Chuir Éire a ról mar chathaoirleach grúpa comhpháirtithe oideachais i gcrích i mí Aibreáin 2011. Ina ról mar chathaoirleach, rinne Éire:

- deontóirí a threorú agus iad ag ullmhú don *Mhear-Thionscnamh um Oideachas do Chách* a bhí rathúil, ar ciste comhpháirtíochta domhanda é a chabhraíonn le tíortha íseal-ioncaim Sprioc Forbartha na Mílaoise um oideachas a chomhlíonadh. Tháinig deontas $90 milliún do Mhósaimbíc i leith na hearnála oideachais don tréimhse 2011-2013 as seo
- aighneachtaí deontóirí don Phlean Straitéiseach Oideachais nua a chomhordú
- obair a thionscnamh ar Mheamram Tuisceana nua le haghaidh an chiste comhdheontóra Oideachais

Is cuideachta gnó talmhaíochta Mozambique Organicos a dtacaíonn Cúnamh Éireann léi agus ar mhéadaigh a hearraí easpórtála faoi cheathair i 2011. D'ardaigh an líon atá fostaithe ó 4 i 2009 go 118 oibrí buan, ar mná iad 25% díobh.

Thacaigh Cúnamh Éireann le Care International chun cabhrú le 317 feirmeoir beagsheilbhe ioncam breise a ghiniúint dá dteaghlaigh trí phraghsanna níos airde a fháil le haghaidh a dtorthaí trí bhíthin díol i ngrúpaí. I dteannta soláthraithe, táirgeoirí agus ceannaitheoirí a nascadh, sholáthair an clár seo deiseanna oiliúna, forbartha acmhainne agus margaíochta d'fheirmeoirí, mar aon le tacú le saincheisteanna inscne agus VEID.



Paul Malin, ceann thoscaireacht an Aontais Eorpaigh i Mósaimbíc, Henrique Banze, Leas-Aire Gnóthaí Eachtracha Mhósaimbíc, agus Ruairí de Búrca, Ambasadóir na hÉireann. Maputo, 2011. Grianghraf: Ambasáid na hÉireann, Maputo

Chomhlíon seirbhísí fairsingithe talmhaíochta spriocanna do 2011 trí chomhairle a chur ar fáil do bhreis agus 430,000 feirmeoir sa tír. Is méadú de níos mó ná 50,000 duine é seo ó 2009 agus bhí rannpháirteachas 50% na mban bainteach leis. Mar sin féin, bhí uisciú níos dúshlánaí mar gur baineadh pas beag níos mó ná leathchuid den sprioc amach.

I 2011, faomhadh *Páipéar Straitéise Tíre Mhósaimbíc* nua de chuid Chúnamh Éireann le haghaidh 2012 go 2016. Díreoidh é seo ar shláinte, ar oideachas agus ar rialachas, le béim láidir ar leochaileacht.

## Torthaí an Leibhéil Náisiúnta ar Thacaigh Cúnamh Éireann leo

**Mhéadaigh líon iomlán na ndaoine ag fáil cóireála frith-aisvíreasacha ó phas beag níos mó ná 170,000 i 2009 go breis agus 250,000 i 2011, ar mná iad an chuid is mó díobh**

**Mhéadaigh líon na mban ar fhreastail freastalaí oilte breithe orthu ó 55% i 2009 go beagnach 63% i 2011**

**Mhéadaigh ráta an chláraithe scoile cailíní atá 6 bliana d'aois ó 58.1% i 2005 go 68.6% i 2011**

**Mhéadaigh iniúchóireacht an bhuiséid stáit ó 33% i 2008 go 40% i 2011**

## Cás-Staidéar - Múnla dea-chuntasachta

Ón mbliain 2005, chuir an fhorbairt bunachair shonraí nua, *Cúnamh Forbartha Coigríche do Mhósaimbíc* (ODAMoz), ar chumas Rialtas Mhósaimbíc faisnéis airgeadais a fháil mar aon le gníomhaíochtaí leis an bpobal bronnta a chomhordú agus a chomhchuibhiú. Le trí bliana anuas, thacaigh Éire le feabhsú ODAMoz, a sholáthraíonn eochair-uirlis anois le haghaidh cuntasachta i Mósaimbíc. Ligeann sé don tsochaí san iomlán, agus do na meáin go háirithe, cistí cúnaimh arna gcur ar fáil don Rialtas a fhíorú, cros-seiceáil le tuarascálacha an rialtais, treochtaí ceanglais ag gníomhaireachtaí bronnta a leanúint, etc. Thosaigh Aireacht Airgeadais Mhósaimbíc ag úsáid an bhunachair shonraí chun sonraí cúnaimh arna dtuairisciú ag eagraíochtaí rialtais ag an leibhéal lárnach, proibhinse agus áitiúil a fhíorú. Déanta na fírinne, sainaithníodh gur múnla dea-chleachtais ODAMoz agus tá sé á fhorbairt i dtíortha eile.



# an Tansáin

Daonra **46.2 milliún**
Céatadán daoine ag maireachtáil ar níos lú ná $1.25 in aghaidh an lae **67.9%**
Rangú ar Innéacs um Fhorbairt Dhaonna na NA 2011 **152 as 187 tír**
Tír Chomhpháirtíochta ó **1975**

## Ag tacú leis an bhfócas náisiúnta ar thalmhaíocht, ar chothú agus ar shláinte

Bhain an Tansáin, ar tír shíochánta sheasmhach í, meánráta fáis eacnamaíoch 7% le deich mbliana anuas. Le linn na tréimhse sin, rinne an Tansáin an-dul chun cinn maidir le seirbhísí poiblí a sholáthar, go háirithe sláinte agus oideachas. Mar sin féin, tá trian de mhuintir na Tansáine faoi thairseach na bochtaineachta agus tháinig easnamh réigiúnach bia as praghsanna arda breosla agus bia i 2011. Níor fhás talmhaíocht, ar bunfhoinse ioncaim í do 75% den daonra, ach ar ráta 4% i 2011. D'ainneoin dul chun cinn i sláinte agus in oideachas, tá saincheisteanna suntasacha os comhair mhuintir na Tansáine maidir leis an gcaighdeán seirbhísí, rud atá léirithe i ndrochshláinte agus i ndroch-chothú naíonán agus máithreacha.

Cuireann easpa rochtana ar bhunfhaisnéis bac leis na pobail is leochailí sa Tansáin a gcearta a éileamh agus rochtain a fháil ar sciar níos cothroime acmhainní agus slite beatha feabhsaithe.

## Cúnamh Éireann sa Tansáin

- Le linn 2011, comhaontaíodh *Páipéar Straitéise Tíre* nua do chlár cúnaimh na hÉireann. Díríonn sé ar thalmhaíocht, ar chothú agus ar shláinte, ar aon dul le tosaíochtaí náisiúnta. Tá saincheisteanna rialachais agus cuntasachta ina ngné lárnach den chlár, a fhéachfeirmeoirí beagsheilbhe a chumasú agus a rannpháirtíocht sna próisis chinnteoireachta a théann i bhfeidhm ar a slite beatha a chinntiú
- meicníochtaí institiúideacha a neartú, bíodh siad ina meicníochtaí institiúideacha stáit nó neamhstáit, le haghaidh slándáil bia agus cothaithe feabhsaithe ag leibhéal náisiúnta agus áitiúil
- forbairt ar na sochair san earnáil sláinte le seirbhísí áitiúla atá feabhsaithe, níos cothroime agus níos cuntasaí
- tacú le pobail tréadachais lena gceart ar shlite beatha inbhuanaithe a chosaint

I 2011, neartaigh Cúnamh Éireann a chomhpháirtíocht le heagraíochtaí neamhrialtasacha sa Tansáin agus thosaigh sé ag maoiniú líonra náisiúnta ina ndéantar ionadaíocht do 70,000 feirmeoir, agus líonra neamhrialtasach ar chothú. Cruthaíodh comhpháirtíocht nua le brateagraíocht nuálach a chabhraíonn le raon eagraíochtaí agus cuideachtaí eile, lena n-áirítear cuideachtaí fón póca, eagraíochtaí creidimh, na meáin agus aontais mhúinteoirí, chun seirbhísí áitiúla feabhsaithe a éileamh. Leathnaigh Éire a comhpháirtíocht freisin le Women in Law and Development san Afraic, a oibríonn le haghaidh feabhsuithe ar na córais sláinte agus dlí mar fhreagairt d'fhoréigean in aghaidh ban.

Tá cuntasacht intíre ina heochair-ghné de thacaíocht Chúnamh Éireann don Tansáin le cúig bliana anuas. Tá na torthaí ar na hiarrachtaí sin ag iarraidh níos soiléire le feiceáil de réir mar a éiríonn Parlaimint, freasúra polaitiúil, an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste, na meáin agus eagraíochtaí neamhrialtasacha níos fuinniúla agus níos dírí. Mar gheall ar thacaíocht leanúnach Chúnamh Éireann agus daoine eile do phróisis bhuiséid náisiúnta níos éifeachtaí agus níos follasaí, d'fhoilsigh an Rialtas Treoir do Shaoránaigh maidir leis an mBuiséad i Svahaílis agus foilsíodh an buiséad mionsonraithe ar líne i 2011.

Lean Éire uirthi tacú leis an Tanzania Media Fund, ar eagraíocht déanta deontas agus mheantóireachta í atá ag obair leis na meáin a neartú d'fhonn tuilleadh eolais a thabhairt don phobal, cur le díospóireacht náisiúnta agus cuntasacht a mhéadú. Faoi *Phlean Cúnaimh Forbartha na NA 2011-2015*, thacaigh Éire leis an seoladh cláir nua um neartú parlaiminte le scrúdú buiséid, reachtóireacht, taighde agus anailís na Parlaiminte a fheabhsú.



Philipina Limario. Ospidéal Shliabh Meru, an Tansáin 2006. Grianghraf: Pieternella Pieterse

## Torthaí an Leibhéil Náisiúnta ar Thacaigh Cúnamh Éireann leo

**Le deich mbliana anuas, thaifead geilleagar na Tansáine fás 7% ar an meán sa bhliain, d'ainneoin an chlampair gheilleagraigh dhomhanda agus réigiúnaigh**

**Idir 1999 agus 2010, thit na rátaí mortlaíochta naíonán agus mortlaíochta leanaí faoi cúig bliana d'aois faoina leath**

**Mhéadaigh an líon feirmeoirí beagsheilbhe ag baint leasa as tacaíocht ó 33% go 60% idir 2006 agus 2010, agus bhí méadú 51% ar thalamh faoi uisciú ó 2006**

## Cás-Staidéar - Rochtain ar sheirbhísí sláinte ardchaighdeáin do dhaoine sa ghátar is mó

Ní dócha go mairfeadh an cúpla réamhaibí seo, ar rug Philipina Limario iad, dá mbeirfí iad lasmuigh de shaoráid liachta. Cé go bhfuil cúram sláinte saor in aisce go hoifigiúil do mhná le linn toirchis agus breith clainne, is an-difriúil atá an réaltacht maidir le han-chuid de mhná na Tansáine. Ar theacht ar chlinicí dóibh, is féidir go ngearrtar muirir arda ar mháithreacha a chuireann cosc orthu saolú in ionaid sláinte. Bhain Philipina agus a cúpla tairbhe as feabhsuithe ar an gcóras náisiúnta sláinte, a dtacaíonn Cúnamh Éireann leis, a chabhraíonn le cinntiú go dtugann cúram sláinte ardchaighdeáin tosaíocht do dhaoine sa ghátar is mó. Cuireann Cúnamh Éireann maoiniú ar fáil don eagraíocht áitiúil *Sikika* freisin, a oibríonn chun áirithiú go bhféadann gach Tansánach seirbhísí sláinte ardchaighdeáin a rochtain. Baineann sí úsáid as meáin, díospóireacht phoiblí agus teicneolaíocht fóin phóca freisin chun saoránaigh a spreagadh a gcuid gearán a chur in iúl os ard agus sásamh a iarraidh.



# Tíomór Thoir

Daonra **1.2 milliún**
Céatadán daoine ag maireachtáil ar níos lú ná $1.25 in aghaidh an lae **37.4%**
Rangú ar Innéacs um Fhorbairt Dhaonna na NA 2011 **147 as 187 tír**
Tír Chomhpháirtíochta ó **2002**

## Síocháin a Fhorbairt agus Bochtaineacht a Laghdú

Is daonlathas ilpháirtí Tíomór Thoir, arb ionann é agus an náisiún is óige in Oirdheisceart na hÁise, agus a bhfuil ceann de na geilleagair is tapa fáis sa réigiún aige. Spreag méaduithe suntasacha ar chaiteachas Rialtais, ar thacaigh ioncaim mhéadaithe ó pheitriliam leo, gníomhaíocht gheilleagrach ar fud na tíre. Mar thoradh air sin, tá dul chun cinn á dhéanamh ag an tír maidir le slite beatha daoine a fheabhsú agus bochtaineacht a mhaolú, cé go bhfuil sé ar scála níos lú i gceantair thuaithe. In ainneoin an dul chun cinn sin, tá Tíomór Thoir ar cheann de na tíortha is boichte san Áise go fóill, tír a bhfuil bonneagar lag agus cúram sláinte, struchtúir agus seirbhísí oideachais atá neamhdhóthanach aici. Mar sin féin, tá cláruithe scoile agus leibhéil litearthachta ag méadú agus tá rátaí mortlaíochta máithreacha, naíonán agus leanaí faoi cúig bliana d'aois ag laghdú.

I 2011, sheol an Rialtas an *Plean Forbartha Straitéisí 2011-2030*, a dhíríonn ar fhorbairt shóisialta, bhonneagair agus gheilleagrach. Sna blianta atá le teacht, cé go bhfuil ádh ar Thíomór Thoir cúlchiste suntasach ola agus gáis, éileoidh sé córais láidre, disciplín fioscach agus dea-chumarsáid ag an Rialtas chun ionchais daoine a bhainistiú agus an chun an saibhreas nua méadaithe a aistriú go forbairt inbhuanaithe.

## Cúnamh Éireann i dTíomór Thoir

Is é sprioc uileghabhálach *Pháipéar Straitéise Tíre 2010-2013* Thíomór Thoir de chuid Chúnamh Éireann €Síocháin a Fhorbairt agus Bochtaineacht a Laghdú', le béim ar leith ar sholáthar seirbhíse, ar laghdú coinbhleachta, ar dhaonlathas, ar chuntasacht agus ar fhorbairt stáit. Tá neartú córas agus cumais rialtais leis an tír a threorú ó leochaileacht go forbairt chothrom agus inbhuanaithe lárnach ina leith seo.

Tá Cúnamh Éireann, in éineacht le Gníomhaireacht Infheistíochta Caipitil na NA agus le Clár Forbartha na Náisiún Aontaithe, ina thacadóir comhsheasmhach do *Chlár Forbartha Áitiúla* an Rialtais le haghaidh díláraithe. Chabhraigh sé seo freisin le rialtais córais chaiteachais phoiblí agus bhainistíochta airgeadais poiblí a bhunú ag an leibhéal réigiúnach. Neartaigh sé seo cumas na bpobal áitiúil baint a bheith acu le pleanáil agus buiséadú Rialtais ag an leibhéal áitiúil chun cinneadh a dhéanamh ar na tionscadail ar cheart dá Rialtas tacú leo.

Thacaigh Cúnamh Éireann freisin le heagraíochtaí neamhrialtasacha ag obair leis an Rialtas agus le pobail áitiúla le feabhas a chur ar rannpháirtíocht na bpobal áitiúil i bpleanáil, agus lena gcumas chun an Rialtas a choimeád cuntasach a neartú. Chabhraigh Cúnamh Éireann le cumas an Rúnaí Stáit um Chur Chun Cinn an Chomhionannais a neartú maidir le comhionannas inscne a chur chun cinn ar fud na n-aireachtaí Rialtais go léir, lena n-áirítear tríd an táirgeadh ábhar agus tríd an gcur i bhfeidhm oiliúna. I mí Lúnasa 2011, rith Rialtas Thíomór Thoir réiteach a rinne foráil don bhunú Grúpaí Oibre Inscne ag an leibhéal náisiúnta agus dúiche araon, arb ionann é agus céim shuntasach chun tosaigh.

Tá foréigean inscne (GBV) ar cheann de na coireanna is forleithne i dTíomór Thoir. I 2011, d'oibrigh Cúnamh Éireann le heagraíochtaí neamrialtasacha agus le ranna Rialtais chun líonra tarchuir d'íospartaigh GBV a fhairsingiú go 8 ndúiche as 13 dhúiche. Soláthraíonn an líonra tarchuir comhairleoireacht, comhairle dlí, oideachas agus áit dín d'íospartaigh GBV. Tugann oifigí an líonra faoi thacaíocht le tuiscint ar an tsaincheist a chur chun cinn agus le heolas a thabhairt do phobail maidir leis na seirbhísí atá ar fáil.

I 2011, lean Cúnamh Éireann air obair leis an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair agus le ranna Rialtais chun tacú le forbairt earnála príobháidí, le cruthú fostaíochta, le fairsingiú na rochtana margaidh do mhicreathionscadail agus do thionscadail bheaga, agus le deisiú bóithre tuaithe.



Maria Carceres Pinto Soares Dili, Tíomór Thoir. 2011 Grianghraf: Josefina Alves de Oliviera

### Torthaí an Leibhéil Náisiúnta ar Thacaigh Cúnamh Éireann leo

**Feidhmíonn líonra tarchuir d'íospartaigh an fhoréigin inscne (GBV) anois in 8 gcinn as 13 cheantar a sholáthraíonn comhairle dlí, comhairleoireacht, oideachas agus díon do mhná agus do leanaí a ndeachthas i bhfeidhm orthu**

**Tá méadú suntasach ar mhaoiniú Rialtais le haghaidh forbairt áitiúil agus soláthair sheirbhísí, ó US$3.5m i 2010 go US$22m i 2011**

**Bunaíodh Fóraim Gheilleagracha Dúiche i dtrí dhúiche, ag cumasú dialóige idir gníomhaithe poiblí, príobháideacha agus neamhrialtasacha ar fhorbairt gheilleagrach agus earnála príobháidí ag an leibhéal áitiúil**

## Cás-Staidéar - Rannpháirtíocht na mban i gceapadh beartais agus i gcinnteoireacht a chur chun cinn

Is é cuspóir na Comh-Aireachta Comhionannais Inscne san Aireacht Geilleagair agus Forbartha ná rannpháirtíocht na mban i gceapadh beartais agus i gcinnteoireacht a chur chun cinn ag an leibhéal náisiúnta agus dúiche i dTíomór Thoir. Le tacaíocht ó Chúnamh Éireann, thacaigh an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair leis an Aireacht tosaíocht a thabhairt do chomhionannas inscne agus é a chur chun cinn, agus reachtaíocht maidir le haireachtaí inscne agus grúpaí oibre a fhorbairt agus a chur chun feidhme.

Tá an Chomh-Aireacht Comhionannais Inscne ar an gcéad cheann dá cuid i dTíomór Thoir, agus go háirithe, ar an gcéad cheann a ndéantar foráil di i reachtaíocht. Shonraigh an Stiúrthóir Maria Carceres Pinto Soares gur thacaigh clár na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair le bearta rathúla comhionannais san Aireacht, a bhfuil buiséadú agus tacaíocht níos cothroime do ghníomhaíochtaí comhionannais inscne mar thoradh air. Tá feasacht atá ag méadú i measc fear agus ban araon ar a bhfuil i gceist i gcomhionannas inscne agus ar an bhfáth a bhfuil sé tábhachtach le haghaidh fhás geilleagrach agus fhorbairt inbhuanaithe Thíomór Thoir.



# Uganda

Daonra **34.5 milliún**
Céatadán daoine ag maireachtáil ar níos lú ná $1.25 in aghaidh an lae **28.7%**
Rangú ar Innéacs um Fhorbairt Dhaonna na NA 2011 **161 as 187 tír**
Tír Chomhpháirtíochta ó **1994**

## Saol na ndaoine is leochailí a fheabhsú

D'fhan Uganda réasúnta cobhsaí ó thaobh na polaitíochta de agus bhain sé fás geilleagrach beag amach le linn 2011, le feabhsuithe ar oideachas agus ar rátaí mortlaíochta leanaí faoi bhun cúig bliana d'aois. Cé go bhfuil líon na ndaoine ag maireachtáil ar níos lú ná $1.25 sa lá ag titim, tá líon suntasach daoine ag maireachtáil timpeall thairseach na bochtaineachta atá an-leochaileach go fóill. Bhí roinnt corraíola sibhialta i 2011, mar aon le scannail éillithe, i mbliain a bhí lán le toghcháin agus le cás geilleagrach soghonta. Bhí mire shoiléir ar an bpobal mar gheall ar bhoilsciú, lena n-áirítear méaduithe 50% ar phraghsanna bia agus breosla.

Rinneadh an tUachtarán Yoweri Museveni a atoghadh le 68% den vóta sna toghcháin a measadh a bheith réasúnta saor agus síochána i gcomparáid le toghcháin roimhe sin. Mar sin féin, leanann an freasúra air conspóid in aghaidh an toraidh. Ina tréimhse ghairid saoil, thaispeáin an Pharlaimint nua go bhfuil cumas aici an Rialtas a choimeád cuntasach as beartais agus cinntí atá conspóideach.

## Cúnamh Éireann in Uganda

Tá clár Chúnamh Éireann in Uganda leath bealaigh tríd an bplean a leagtar amach sa *Pháipéar Straitéise Tíre 2010-2014*. Is é is aidhm don chlár bochtaineacht agus leochaileacht ainsealach in Uganda a laghdú le béim ar leith ar rialachas, ar oideachas, ar VEID, ar SEIF, ar inscne agus ar fhorbairt na hearnála príobháidí. I 2011, choinnigh Cúnamh Éireann a thiomantas do shaol na ndaoine is leochailí in Karamoja a fheabhsú, is é sin an réigiún is mó faoi mhíbhuntáiste in Uganda ina bhfuil 75% de na daoine ag maireachtáil go beo bocht. I 2011, tháirg Ambasáid na hÉireann in Uganda *Straitéis Gheilleagrach'* atá ceaptha le freagairt don timpeallacht gheilleagrach ag athrú in Uganda

I 2011, thacaigh Éire agus deontóirí idirnáisiúnta eile le comhchiste deontóra nua a dhíríonn ar dhaonlathú; ar chearta, ar cheartas agus ar shíocháin; ar chur in iúl tuairimí agus ar chuntasacht. I 2011, tháinig measúnú Comhpháirtí Forbartha ar an Earnáil Dlí agus Cirt agus Ord, a dtacaíonn Cúnamh Éireann léi, ar an gconclúid go bhfuil feabhas ginearálta ar chomhlíonadh chearta an duine, rochtain ar cheartas, slándáil daoine agus réadmhaoine, agus cloí le riail an dlí agus próis chuí. Tríd an *gClár Neartaithe Daonlathais*, thacaigh Cúnamh Éireann leis an Uganda Women's Network chun oiliúint réamhthoghcháin a dhéanamh d'iarrthóirí polaitíochta ban. Toghadh 1,500 duine as 2,200 iarrthóir ban Ugandach mar thoradh air seo.

Mar gheall ar thacaíocht na hÉireann d'eagraíochtaí neamhrialtasacha, fuair beagnach 465,000 duine cabhair le haghaidh cúnamh dlí agus bhain 10% de dhaonra Uganda, arb ionann é agus 3.3 milliún duine, leas as seirbhísí cúnaimh dhlí.

Forbraíodh dréacht-Phlean Beartais agus Gníomhaíochta um Fhoréigean Inscne (GBV) i 2011 le tacaíocht ó Chúnamh Éireann. De bhreis air sin, bunaíodh 192 grúpa gníomhaíochta pobail GBV san iomlán in ocht ndúiche den réigiún a bhfuil na leibhéil is airde GBV in Uganda acu. Mhéadaigh sé feasacht pobail ar dhlíthe GBV go mór agus tháinig méadú suntasach ar thuairisciú do na póilíní mar thoradh air.

San earnáil seirbhísí sóisialta, thacaigh Cúnamh Éireann leis an *gClár um Choimirce Shóisialach a Leathnú'* a seoladh i mí Mheán Fómhair 2011. Tríd an gclár, rinneadh beagíocaíochtaí airgid rialta le 3,500 ceann de na teaghlaigh is leochailí agus is imeallaithe.

Choinnigh Cúnamh Éireann a thiomantas d'oideachas a chinntiú do na daoine is leochailí, agus cuireadh tacaíocht ar fáil do bhreis agus 1,000 dalta i réigiún Acholi agus Karamoja chun leanúint lena meánoideachas, agus bronnadh 14 scoláireacht ar dhaltaí Karamoja chun dul ar aghaidh ar ollscoil.

Chuir Éire leis an bhforbairt dhá thionscadal nua chun VEID agus SEIF a chomhrac i réigiún Karamoja, ag tacú le Rialtas Áitiúil agus le heagraíochtaí neamhrialtasacha chun freagairt go héifeachtach do VEID agus do SEIF ag an leibhéal áitiúil.



Cruinniú Pobail le Coiste Dúiche Slabhra-Nasctha, Dúiche Entebbe, An Réigiún Láir, Uganda, 2011 Grianghraf: Fearghal Mac Cárthaigh

I dTuaisceart Karamoja, thacaigh Cúnamh Éireann le clár nuálach slite beatha atá ag cur le cumasú geilleagrach na bpobal tríd an bhfómhar ‘guma acáise’. Bhunaigh an tionscadal naisc idir na pobail agus gnólachtaí Éireannacha freisin, agus comhaontaíodh pleananna le táirgeacht a mhéadú sna blianta atá le teacht a sholáthróidh torthaí intuartha agus cothroma do na pobail áitiúla.

### Torthaí an Leibhéil Náisiúnta ar Thacaigh Cúnamh Éireann leo

**Mhéadaigh céatadán na leanaí ag críochnú na bunscoile ó 54% i 2010 go 64% i 2011**


**Laghdaigh rátaí mortlaíochta leanaí faoi bhun cúig bliana d’aois go mór, ó 137 bás in aghaidh gach 1000 beobhreith i 2006 go 99 bás in aghaidh gach 1000 beobhreith i 2010**

**Éifeachtúlacht níos mó san earnáil cúirteanna, mar go raibh méadú 25% ar líon na gcásanna ar pléadh leo i 2010-2011 i gcomparáid le 2009-2010**

## Cás-Staidéar – “Ceapann na daoine anois go bhfuil ceartas ann”

Bhí roinnt dúshlán os comhair na bpobal i ndúiche Ugandach Entebbe chun ceartas a rochtain, mar gheall ar shaincheisteanna éillithe, riaráistí cásanna agus mímhuinín as na hinstitiúidí ceartais. *Bhí gach institiúid ag obair ina haonar agus ní raibh aon chomhordú ann, rud as ar tháinig córas neamhéifeachtúil cúng nár thuig daoine* arsa Sarah Bananuka, ionadaí polaitíochta Entebbe.

Mar thoradh ar thacaíocht Chúnamh Éireann in Uganda, tháinig clár athchóirithe an Rialtais inar bunaíodh Coistí Dúiche Slabhra-Nasctha (DCC) ag an leibhéal dúiche ar fud na tíre. Is é is aidhm dóibh faireachán a dhéanamh ar riar an cheartais agus ar chothú an dlí agus an oird i measc pobal agus institiúidí ceartais agus iad a chomhordú. Dá bhrí sin, tugann Sarah Bananuka dá haire: *Rinne DCC éilliú a laghdú agus feabhas a chur ar na modhanna oibre, a bhfuil bainistíocht mhear éifeachtúil coireanna go háitiúil agus slándáil fheabhsaithe mar thoradh orthu.* Chuir an córas DCC feabhas ar an sreabhadh faisnéise, ar fhollasacht, ar chuntasacht agus ar rochtain ar an gcóras ceartais le haghaidh pobail áitiúla.



# Vítneam

Daonra **88.8 milliún**
Céatadán daoine ag maireachtáil ar níos lú ná $1.25 in aghaidh an lae **13.1%**
Rangú ar Innéacs um Fhorbairt Dhaonna na NA 2011 **128 as 187 tír**
Tír Chomhpháirtíochta ó **2007**

## Seirbhísí rialtais a fheabhsú agus tionchar a thabhairt do na boicht

Rinne Vítneam dul chun cinn forbartha suntasach i 2011. D'fhan an cás polaitíochta cobhsaí agus thug an Rialtas bearta isteach leis an ráta ard boilscithe seo a cheansú. Cé gur laghdaíodh é, bhí fás geilleagrach measartha ard go fóill ag 5% go 6%. Dá ainneoin seo, agus d'ainneoin laghdú foriomlán bochtaineachta suntasach a bhog breis agus 34 milliún duine as bochtaineacht le cúig bliana déag anuas, lean Vítneam air dul i ngleic leis an bhfadhb a bhain le níos mó ná 12 milliún duine dá chuid ag maireachtáil i mbochtaineacht ainsealach.

D'fhorbair Cúnamh Éireann clár nua cúig bliana i Vítneam i 2011, ar aon dul le Plean Forbartha Socheacnamaíche Rialtas Vítneam. Ceapadh an clár seo chun freagairt do shainriachtanais forbartha Vítneam, ag díriú ar bhochtaineacht eitneach, ag neartú eagraíochtaí sóisialta le fócas ar leith ar obair le daoine faoi mhíchumas, agus ag cabhrú le Vítneam a chumas le haghaidh forbairt beartais a thógáil.

Tá bochtaineacht forleathan go fóill i measc mionlaigh eitneacha a chónaíonn i gceantair thuaithe shléibhe, agus bhain na pobail seo leas as breis agus 60% de mhaoiniú Chúnamh Éireann i 2011. Thacaigh Éire le clár mór Rialtais chun bonneagar agus slite beatha a fhorbairt i gceantair iargúlta Vítneam. Thacaigh sé le heagraíochtaí neamhrialtasacha faireachán a dhéanamh ar, agus feabhas a chur ar, an soláthar seirbhísí Rialtais agus tionchar a thabhairt do na boicht. D'fhéach roinnt tionscadal le daoine faoi mhíchumas a chumasú, a gcónaíonn mórchuid acu go beo bocht, chun seirbhísí oiliúna, fostaíochta agus creidmheasa a sholáthar dóibh.

Mhaoinigh Cúnamh Éireann clár malartaithe leanúnach chun ceachtanna ar réamhaisnéis gheilleagrach, ar mhaoirseacht bhaincéireachta, ar fhorbairt scileanna agus ar athchóirithe eile i gcomhthéacs an trasdula gheilleagraigh. I 2011, bronnadh dhá scoláireacht déag in UCD ar chéimithe oilte Vítneamacha chun dul do staidéir iarchéime i mbaincéireacht, in airgeadas agus i riarachán gnó.

Bhí dea-rialachas, agus cuntasacht do shaoránaigh go háirithe, mar bhonn agus thaca ag clár Chúnamh Éireann i 2011. Is é rannpháirtíocht na bpobal i bpróisis phleanála, do thionscadail arna maoiniú go díreach ag Cúnamh Éireann agus do chláir arna maoiniú ag Rialtas araon, cuspóir príomha dár gcuid oibre. Cuireadh rochtain phoiblí ar fhaisnéis agus ar fhollasacht i gcinnteoireacht chun cinn trí gach tionscnamh, mar aon le feasacht a spreagadh ar chearta agus ar theidlíochtaí saoránach. Thacaigh roinnt clár de chuid Chúnamh Éireann le faireachán na bpobal ar idirghabhálacha an Rialtais.

Chuir Éire le hobair fhoireann tíre na NA i Vítneam a oibríonn chun athchóiriú an dlí agus an cheartais, feidhmíocht na gcomhlachtaí tofa i bhfaireachán ar chaiteachas poiblí, feidhmíocht institiúidí na hearnála poiblí, athchóiriú na hearnála poiblí agus ról na n-eagraíochtaí neamhrialtasacha a neartú. Bhí Éire ar cheann amháin de na ceithre thír bhronnta don *Tionscnamh i dTreo Follasachta* chun leibhéil éillithe i Vítneam a mheasúnú.

## Torthaí an Leibhéil Náisiúnta ar Thacaigh Cúnamh Éireann leo

**D'ardaigh ionchas saoil ó 70 bliain d'aois i 2005 go 75 bliain d'aois i 2011**

**Tháinig laghdú dhá thrian ar mhortlaíocht máithreacha idir 1990 agus 2009**

**Ón mbliain 2010, déantar gach dlí nua a phostáil ina ndréacht ar an idirlíon agus próiseas comhairliúcháin foirmiúil le heagraíochtaí neamhrialtasacha a chur san áireamh**



Truong Thi Truyen. Dúiche Dak Nong Vítneam, 2011. Grianghraf: Le Hong Van

## Cás-Staidéar - Tionchar na mban ag an leibhéal áitiúil

Rinneadh Truong Thi Bn. Truyen a thoghadh ar an People's Council of Duc Manh Commune i ndúiche Dak Yong i Vítneam i 2011. Bhí na toghcháin áitiúla ina mbacainní maidir le hiarratasóirí ar mná iad mar, de réir Bn. Truyen *"Tá creideamh forleathan ann go fóill nár cheart do mhná obair i ngníomhaíochtaí polaitíochta, fiú i measc na mban....agus, dá bhrí sin, le linn an fheachtais toghcháin, rinne mé an-iarracht áitiú ar fhir agus ar mhná araon vótáil dom."*

Bhí ar Bn. Truyen dul trí dhianphróiseas ainmniúcháin agus a plean a chur i láthair na ndaoine chun áitiú orthu gur dea-iarrthóir í. Tar éis di freastal ar oiliúint arna maoiniú ag Cúnamh Éireann le haghaidh iarrthóirí ar mná iad, a d'eagraigh eagraíocht neamhrialtasach áitiúil darb ainm an tIonad um Fhorbairt agus Comhtháthú, dúirt sí:

**"Táim níos muiníní anois agus mé ag léamh tuarascálacha ó údaráis áitiúla agus ceisteanna a chur faoi na tuarascálacha. Tá sé an-dúshlánach dul i mbun ról maoirseachta, ach is eol dom go mbeidh orm é a dhéanamh go maith mar gur chuir daoine agus mná eile de chúram orm amhlaidh a dhéanamh."**

## Eochairfhíorais Tíre



# an tSaimbia

Daonra **13.5 milliún**
Céatadán daoine ag maireachtáil ar níos lú ná $1.25 in aghaidh an lae **64.3%**
Rangú ar Innéacs um Fhorbairt Dhaonna na NA 2011 **164 as 187 tír**
Tír Chomhpháirtíochta ó **1980**

### Tá neamhionannas atá ag méadú ag dul i bhfeidhm ar an iarracht ar bhochtaineacht a laghdú

Tá na leibhéil arda dhiansheamhacha bhochtaineachta agus neamhionannais ar an dúshlán forbartha is mó sa tSaimbia fós. Cé gur uasghrádaigh an Banc Domhanda í go stádas tíre meánioncaim i mí Iúil 2011, tá an tSaimbia go fóill ar cheann de na tíortha is boichte ar an Afraic fho-Shahárach. Tá 60% de na daoine bocht, agus tá 42% díobh sin neamhábalta a mbunriachtanais a chomhlíonadh. Cé gur mheath céatadán na Saimbiach atá beo bocht go pointe áirithe, tá neamhionannas ina dhúshlán mór i gceantair uirbeacha. Tá sé tuairiscithe go saothraíonn an 20% is saibhre de Shaimbiaigh níos mó ná leathchuid den ioncam iomlán, ach ní chomhroinneann an 20% is boichte díobh ach 3.3% den ioncam iomlán. San iomlán, tá forbairt dhaonna sa tSaimbia go dona go fóill agus tá mórán táscairí príomha níos lú ná na meáin réigiúnacha agus idirnáisiúnta. Braitheann geilleagar na Saimbia go mór ar easpórtálacha copair; aithníonn an Rialtas, áfach, nach mór an geilleagar a éagsúlú agus tá a fhócas ar fhorbairt na n-earnálacha talmhaíochta agus turasóireachta á mhéadú aige.

### Cúnamh Éireann sa tSaimbia

I 2011, sholáthair Cúnamh Éireann maoiniú díreach do chomhpháirtithe Rialtais agus neamhrialtasacha agus bhí baint aige le Straitéis Tíre nua de chuid Chúnamh Éireann a fhorbairt le haghaidh na Saimbia. Mar phríomhdheontóir idirnáisiúnta sa *Chlár Athchóirithe Parlaiminte*, chuir Cúnamh Éireann leis an méid seo a leanas:

- an fhorbairt agus an feabhsú oifigí toghcheantair ar fud na tíre, a chuireann ar chumas saoránach páirt a ghlacadh i bpróisis forbartha agus a thugann spreagadh dóibh a riachtanais forbartha a thabhairt leo chuig a n-ionadaithe áitiúla
- tuilleadh rannpháirteachas saoránach sa Pharlaimint agus cumarsáid fheabhsaithe obair na gCoistí Parlaiminteacha leis an bpobal

Is iad stáisiúin raidió phobail an modh príomha chun rochtain ar fhaisnéis d'fhormhór na Saimbiach, go háirithe i gceantair thuaithe. Tríd an gCaibidil Shaimbiach d'Institiúid na Meán de chuid Dheisceart na hAfraice, chuir Cúnamh Éireann tacaíocht ar fáil chun caighdeán agus clúdach na stáisiún raidió a mhéadú. Tugadh tacaíocht leantach freisin d'eagraíochtaí neamhrialtasacha ag obair chun cearta sóisialacha agus geilleagracha a chur chun cinn, lena n-áirítear i ndáil le foréigean inscne agus coimirce shóisialach do na daoine is leochailí, agus le saoránaigh a chumasú chun páirt a ghlacadh i mbeartas an Rialtais. Lean Cúnamh Éireann air tacaíocht airgeadais agus theicniúil a chur ar fáil d'fhorbairt phobal-bhunaithe áitiúil sa Chúige Thuaisceartach.

Bunaithe ar a eispéireas agus é ag tacú le comhairlí áitiúla sa Chúige Thuaisceartach, chuir Cúnamh Éireann leis an bpróiseas díláraithe ag leibhéal náisiúnta. Le linn na dtoghchán 2011, thacaigh Cúnamh Éireann leis an Civil Society Election Coalition, ar cuibhreannas é d'ocht n-eagraíocht neamhrialtasacha, arb ionann a aidhm agus oibriú ar bhealach comhordaithe chun faireachán agus measúnú a dhéanamh ar an bpróiseas toghcháin.

Lean tacaíocht don earnáil oideachais uirthi a bheith ina príomhfhócas d'obair Chúnamh Éireann i 2011. I dteannta na hÍsiltíre, chomhordaigh Cúnamh Éireann an obair 11 deontóir san earnáil oideachais le béim ar rochtain ar oideachas ardchaighdeáin a mhéadú.

D'oibrigh Cúnamh Éireann freisin chun na daoine is leochailí a shroicheadh tríd an méid seo a leanas:

- obair leis an gComhairle Náisiúnta SEIF chun freagairt do VEID agus SEIF, rud a chinntigh gur shroich acmhainní méadaithe leibhéal na cosmhuintire
- obair leis an Rannóg um Inscne i bhForbairt den Rialtas chun cumas na bpríomhaireachtaí a mhéadú le freagairt do shainriachtanais na mban
- tacú leis an *gClár Sóisialta um Aistriú Airgid*; déanann an clár seo íocaíocht rialta amach le teaghlaigh leochaileacha



Robert Sibanda. Monze, an tSaimbia, 2011. Grianghraf: Daniel Banda

## National level results supported by Irish Aid

**Primary school enrolment increased from 68%in 2003 to 95% by 2010**

**The proportion of the national budget allocated to education increased from 14% in 2006 to 18% in 2011. The Education Act, which was passed in 2011, paves the way for Government support for community schools**

**The Gender Based Violence Act was enacted in 2011. The Act provides for the establishment of a State run Gender Based Violence Fund to assist victims**

# Case Study - Community radio is giving citizens a voice

*"We were able to question our local Council on how the Constituency Development Funds were disbursed and there is transparency now after we raised a lot of issues through Sky FM radio station. We also receive a lot of information on issues like agriculture, health and elections. This is all because we have a radio station in our community that has been providing this forum and information,"* said Robert Sibanda, Vice Chairperson of the Monze District Chiefs Affairs Council. Sky FM Forum is an open discussion programme where listeners bring out issues that affect them and either need discussion on radio or follow up with district, provincial or national authorities.

Irish Aid supports the Zambian Chapter of the Media Institute of Southern Africa to advocate for and promote media freedom and to create an environment in which citizens, including those in the remotest parts of the country, have access to information and freedom of expression.




Clinic Bobete, áit ina maoiníonn Cúnamh Éireann oibrithe leighis, 2010. Grianghraf ag J Barbee

# Na hÁiteanna ina nOibrímid

## Tíortha Eile ina bhfuil Cláir ag Cúnamh Éireann


| | |
|---|---|
| an Phalaistín | 34 |
| Siarra Leon agus an Libéir | 35 |
| an Afraic Theas | 36 |
| an tSiombáib | 37 |



# an Phalaistín

## Díriú ar riachtanais dhaonnúla agus ar chearta an duine

Chonacthas athruithe stairiúla i réigiún an Mheánoirthir i rith 2011. Bhí athruithe rialtais i roinnt tíortha mar gheall ar fhrithbheartaíocht an phobail nach raibh síochánta i gcónaí mar thoradh air seo. Bhí roinnt forbairtí ó thaobh na polaitíochta de sa chríoch Phalaistíneach faoi fhorghabháil, amhail an comhaontú athmhuintearais idir an dá phríomhfhaicsean pholaitiúla, Fatah agus Hamas, agus an t-iarratas Palaistíneach ar bhallraíocht iomlán ag na Náisiúin Aontaithe. Chiallaigh an easpa dul chun cinn fhíor ar phróiseas na síochána nár tháinig aon fheabhsú bunúsach ar an gcás daonna leanúnach sa chríoch Phalaistíneach faoi fhorghabháil. Lean saoránaigh Phalaistíneacha orthu dian-réaltachtaí na forghabhála fairsingithe sa Bhruach Thiar agus imshuí neamhréitithe Ghasá a fhulaingt, ar príomhimní í neamhshlándáil bia.

Mhaoinigh Éire cláir chúnaimh do mhuintir na Palaistíne ar feadh níos mó ná fiche bliain, rud a fhreagraíonn don tiomantas fadtéarmach do cheartas le haghaidh mhuintir na Palaistíne agus don fhorbairt shíochánta stát Palaistíneach atá inmharthana agus ceannasach. Díríonn an maoiniú seo, arbh ionann é agus €9.61 milliún i 2011, faoi riachtanais dhaonna láithreacha, mar aon le tosaíochtaí forbartha agus chearta an duine.

Áirítear ar na príomhghnéithe de chlár cúnaimh Chúnamh Éireann tacaíocht do Ghníomhaireacht na Náisiún Aontaithe um Fhóirithint agus Oibreacha ar mhaithe le dídeanaithe Palaistíneacha (UNRWA), d'Údarás na Palaistíne agus d'eagraíochtaí neamhrialtasacha i dtacú le cearta an duine.

Tá gealltanas cistithe €12 milliún do Chiste Ginearálta UNRWA á cur i bhfeidhm faoi láthair ag Éirinn thar thréimhse 2010-2012. Cuireadh maoiniú €4 milliún ar fáil i 2011 chun tacú le hobair na gníomhaireachta i raon seirbhísí a chur ar fáil don phobal dídeanaithe de 5 milliún duine. Cláraíodh €1 milliún den airgead seo le haghaidh obair UNRWA le dídeanaithe Palaistíneacha sa Liobáin.

Soláthraíodh €500,000 sa bhreis i gcúnamh daonna mar fhreagairt d'achainí cistithe éigeandála 2011 UNRWA i nGasá. Soláthraíodh tacaíocht €50,000 freisin do chluichí samhraidh 2011 UNRWA i nGasá. Ghlac breis agus 200,000 leanbh, 11,000 leanbh a bhfuil riachtanais speisialta acu san áireamh, páirt i gclár dhá sheachtain de ghníomhaíochtaí oideachais agus caithimh aimsire sna cluichí, a thug sos annamh óna gcruatain agus óna dtrámaí do leanaí.

Tá fócas láidir i gcónaí ag cistiú na hÉireann don Phalaistín ar rochtain ar oideachas ardchaighdeáin a fheabhsú. Tá Éire, i dteannta roinnt deontóirí eile, lárnach i bhforbairt an Chomhshocraithe Maoinithe (JFA) chun tacú le Plean Straitéiseach Údarás na Palaistíne um Fhorbairt Oideachais. Cuireadh €1.5 milliún ar fáil don JFA i 2011. Cuireadh €1.5 milliún sa bhreis ar fáil d'Údarás na Palaistíne chun tacú leis an soláthar tuarastal seirbhíse poiblí, agus le liúntais do na teaghlaigh Phalaistíneacha is leochailí.

De bhreis air sin, sholáthair Éire tacaíocht spriocdhírithe le blianta beaga anuas do roinnt príomheagraíochtaí neamhrialtasacha Palaistíneacha agus Iosraelacha as a gcuid oibre maidir le faireachán a dhéanamh ar stádas chearta an duine sa chríoch Phalaistíneach faoi fhorghabháil. Cuireadh maoiniú iomlán de €520,000 do na heagraíochtaí sin i 2011. Cuireadh €1 milliún sa bhreis ar fáil d'eagraíochtaí neamhrialtasacha freisin a bhfuil baint acu le cláir dhaonnúla, forbartha agus chothaithe síochána.

Tá forbairt fhadtéarmach inbhuanaithe sa Phalaistín spleách, ar ndóigh, ar toradh rathúil ar an idirbheartaíocht pholaitíochta leanúnach. Leanfaidh Éire uirthi tacaíocht a thabhairt do réiteach polaitíochta atá buan agus síochánta agus, idir an dá linn, tairgfidh sí tacaíocht dhaonnúil, rud atá riachtanach chun tabhairt faoi bhunriachtanais leanúnacha mhuintir na Palaistíne.



# Siarra Leon agus an Libéir

## Síocháin agus slándáil a chomhdhlúthú agus leagáid na coinbhleachta a shárú

Shonraigh Siarra Leon agus an Libéir clocha míle tábhachtacha ar a mbealach go forbairt dhaonlathach i 2011. Cheiliúir Siarra Leon 50 bliain neamhspleáchais, agus reáchtáil an Libéir a dara toghchán daonlathach uachtaránachta agus reachtaíochta ó dheireadh an chogaidh chathartha. Tá an dá thír ag obair i dtreo córais stáit a thógáil agus a ngeilleagar féin a fhás trí shlite beatha inbhuanaithe do na daoine a chruthú. Tá siad rangaithe go fóill i measc na dtíortha is boichte ar domhan, agus tá dúshláin shuntasacha gheilleagracha agus forbartha os a gcomhair.

Tá rannpháirtíocht ghníomhach ag Éirinn i Siarra Leon agus sa Libéir ó dheireadh na gcoinbhleachtaí sna tíortha. Bhunaigh Éire cláir forbartha sa dá thír i 2005, le hoifigí agus foireann i Freetown agus i Monrovia. Trí obair i gcomhar dlúth le Rialtais Shiarra Leon agus na Libéire, leis na Náisiúin Aontaithe agus le comhpháirtithe eile, tá Éire ag cabhrú le hathchóiriú agus forbairt sa dá thír.

De bhreis ar an tacaíocht a cuireadh ar fáil trí na cláir thíre, sholáthair Éire maoiniú freisin do roinnt eagraíochtaí neamhrialtasacha ag obair i Siarra Leon agus sa Libéir araon.

Ó dheireadh na gcogaí cathartha sa dá thír, tá dul chun cinn infheicthe déanta ag Siarra Leon agus ag an Libéir maidir le síocháin agus slándáil a chomhdhlúthú agus leagáid na coinbhleachta a shárú. Tá institiúidí daonlathacha lag go fóill agus teastaíonn tacaíocht leanúnach uathu, ach baineadh an-chuid amach i dtréimhse ghairid le tacaíocht na hÉireann agus deontóirí eile.

Rinne Rialtas Shiarra Leon iarrachtaí ar dhul i ngleic le bunchúiseanna na bochtaineachta trí reachtaíocht frith-éillithe a chur i bhfeidhm, agus trí Choimisiún Frith-Éillithe a bhunú ar chuir Éire maoiniú ar fáil dó.

Rinneadh dul chun cinn freisin maidir le hearnáil an cheartais agus na slándála sa Libéir a athchóiriú, le béim ar leith ar riail an dlí a neartú agus earnáil na slándála a athchóiriú. Tá Éire ag tacú le tionscnaimh sa réimse seo trí thacaíocht a thabhairt do na hAonaid Freagartha Éigeandála agus Tacaíochta Póilíní de chuid Phóilíní Náisiúnta na Libéire, a chuirtear tríd an UNDP.

## Siarra Leon

Chuir Éire straitéis tíre dhá bhliain i bhfeidhm i 2011 atá dírithe go príomha ar aghaidh a thabhairt ar na dúshláin i ndáil le cothú agus le slándáil bia. Tacaíonn an straitéis le Straitéis Laghdaithe Bochtaineachta Rialtas Shiarra Leon. Cuireadh €4.5 milliún ar fáil i 2011 chun tacú le cur chun feidhme na straitéise, chomh maith le maoiniú d'eagraíochtaí neamhrialtasacha.

Trí obair le comhpháirtithe tábhachtacha amhail an Eagraíocht Bia agus Talmhaíochta, CÉINAL agus an Clár Domhanda Bia, áiríodh ar ghníomhartha ar thacaigh Cúnamh Éireann leo i 2011 tacaíocht d'fheirmeoirí beagsheilbhe le haghaidh diansaothrú, táirgeadh agus éagsúlú barr; cothú scoile a chuir béile scamhardach sa lá ar a laghad do leanaí scoile; bainistíocht pobail ar mhíchothú géar, lena n-áirítear an soláthar bianna breise do mháithreacha agus do leanaí faoi bhun cúig bliana d'aois; agus athchóiriú an bhonneagair shláinte, agus bardaí péidiatraice go sonrach.

Tá Éire tiomanta go fóill d'fhorbairt a comhpháirtíochta le Siarra Leon, agus leanfaidh sí uirthi obair i dtreo dul chun cinn sna réimsí tosaíochta seo a chomhdhlúthú thar thréimhse feidhme na straitéise tíre reatha.

## an Libéir

Fócas tábhachtach de chlár Chúnamh Éireann sa Libéir is ea córas sláinte agus bunseirbhísí cúram sláinte príomha a neartú. B'ionann an cistiú iomlán a cuireadh ar fáil tríd an gclár tíre i 2011 agus €5.4 milliún, leis an gcéatadán is mó curtha tríd an Aireacht Sláinte agus Leasa Shóisialaigh. Cuireadh cistiú ar fáil do roinnt eagraíochtaí neamhrialtasacha as an soláthar bunseirbhísí sláinte. Leis an tacaíocht seo d'earnáil na sláinte a chomhlánú, mhaoinigh Éire cuibhreannas eagraíochtaí neamhrialtasacha a oibríonn chun rochtain ar sheirbhísí uisce, sláintíochta agus sláinteachais.

Thacaigh Éire le hobair an Choiste Tarrthála Idirnáisiúnta chun dul i ngleic le leibhéil arda foréigin trí chlár nuálach um rannpháirtíocht fear. Sholáthair Cúnamh Éireann €1.4 milliún i 2011 freisin chun tacú le riachtanais dhaonnúla na ndídeanaithe ón gCósta Eabhair a chuaigh isteach sa Libéir tar éis an dara babhta de thoghcháin uachtaránachta sa Chósta Eabhair go mall i 2010 a bhí faoi dhíospóid.

Tá measúnú ar ár gclár sa Libéir beartaithe don bhliain atá le teacht d'fhonn straitéis tíre nua a fhorbairt.



# an Afraic Theas

## Ag obair chun foréigean inscne a laghdú

Rinne an Afraic Theas an-dul chun cinn maidir le bochtaineacht a laghdú ó dhaonlathú i 1994 agus bhí méadú measta de 2% ar an ngeilleagar anuraidh. In ainneoin dul chun cinn suntasach, tá neamhionannas ina dhúshlán ollmhór go fóill. Seasann dífhostaíocht ar 40%, tá cruthú post á bhacadh ag drochleibhéil oideachais, agus tá beagnach 40% den phobal ag maireachtáil faoi thairseach na bochtaineachta, go háirithe an pobal Afracach gorm. Agus cóireáil VEID níos fearr á cur ar fáil anois, d'fheabhsaigh ionchas saoil ó 52 bliain ar an meán i 2005 go 57 bliain ar an meán i 2011. Mar sin féin, tá breis agus 5.5 milliún duine ag maireachtáil le víreas VEID, agus tá SEIF go fóill ar an gcúis le níos mó de 43% de na básanna go léir sa tír. Tá ceann de na rátaí is airde d'fhoréigean inscne (GBV) ar domhan ag an Afraic Theas, agus tá mná agus cailíní óga ag fulaingt den chuid is mó.

Cabhraíonn tacaíocht Chúnamh Éireann le Rialtas na hAfraice Theas agus le sochaí shibhialta:

- caighdeán an oideachais a fheabhsú do leanaí
- uisce sábháilte agus sláintíocht a chur ar fáil do phobail tuaithe
- cúram agus tacaíocht do mhná agus do leanaí a dtéann VEID agus SEIF i bhfeidhm orthu
- freagairt d'fhoréigean inscne agus é a chosc

Tá Cúnamh Éireann ag tacú le hiarrachtaí na hAfraice Theas aghaidh a thabhairt ar leagáid na gcóras oideachais neamhchothrom ón ré Apartheid. I 2011, chumasaigh Cúnamh Éireann an cumasc scoileanna beaga ina scoileanna móra a thairgeann raon níos leithne áiseanna do dhaltaí. Thacaigh Éire freisin leis an mbunú coistí sábháilteachta scoile chun cabhrú le haghaidh a thabhairt ar leibhéil arda foréigin a bhfuil ina gcúis le daltaí an scolaíocht a fhágáil. Cabhróidh tacaíocht d'ábhair léitheoireachta i máthairtheangacha le feabhas a chur ar scileanna léitheoireachta agus scríbhneoireachta na leanaí atá idir 6 bliana d'aois agus 8 mbliana d'aois.

Tá uisce agus sláintíocht ina gcomhpháirteanna tábhachtacha de shláinte agus leas. I 2011, chuir Cúnamh Éireann leis an bhfeabhsú sláintíochta i gceantair thuaithe san Eastern Cape, agus cuireadh seirbhísí uisce agus sláintíochta ar fáil do sheacht sráidbhaile tuaithe i Limpopo Province.

Tá VEID ina phríomh-dhúshlán san Afraic Theas go fóill. Lean Cúnamh Éireann air tacaíocht a thabhairt anuraidh do Chomhairlí dúiche agus áitiúla AIDS leis an bhfreagairt do VEID agus SEIF a neartú i Limpopo Province. Mar thoradh air sin, tá cúram pobal-bhunaithe á chur ar fáil do dhaoine a bhfuil VEID ag dul i bhfeidhm orthu i gceantair thuaithe de Limpopo. Bhí breis agus 2,000 dílleachta agus leanbh leochaileach ábalta leas a bhaint as seirbhísí sláinte agus sóisialta, fuair breis agus 5,000 othar teiripe frith-aisvíreasacha agus cuireadh cóireáil ar 2,000 othar sa bhreis in aghaidh eitinne.

I 2011, cuspóir tábhachtach de thacaíocht Chúnamh Éireann ba ea freagairt d'fhoréigean inscne agus é a chosc. Cuireadh comhairle dlí ar fáil do bhreis agus 140 bean a d'fhulaing an foréigean sin, agus cuireadh seirbhísí faisnéise, comhairleoireachta agus tarchuir shláinte ar fáil do bhreis agus 1,000 íospartach ionsaí ghnéasaigh agus foréigin teaghlaigh. Chun athruithe iompair a chur chun cinn le foréigean a chosc, thacaigh Cúnamh Éireann le feachtais feasachta agus le hoiliúint d'fhir. Theagmhaigh na feachtais sin le níos mó ná 2,000 ceannasaí traidisiúnta, ceannasaí óige agus eagraíochta bunaithe ar chreideamh agus oifigeach rialtais. Thacaigh Cúnamh Éireann freisin le comhordú feabhsaithe i measc seirbhísí póilíní, sóisialta, sláinte agus ceartais in dhá dhúiche de Limpopo Province; tá an comhar sin ríthábhachtach leis na leibhéil arda foréigin inscne a laghdú sna ceantair sin.

Roinnt torthaí forbartha san Afraic Theas:

- Laghdú 4% ar líon na n-ionfhabhtuithe nua VEID idir 2009 agus 2010
- méadú 26% ar líon na ndaoine fásta ag fáil cógas frith-aisvíreasach, tá breis agus milliún duine fásta ag fáil cóireála anois
- Cuireadh seirbhísí uisce ar fáil do 3 milliún teaghlach idir 2007 agus 2010 agus tá seirbhísí sláintíochta ag beagnach 1 milliún teaghlach



# an tSiombáib

## Sláinte agus cothú máithreacha, naíonán nuabheirthe agus leanaí

I 2011, bhí an cás polaitíochta sa tSiombáib dúshlánach go fóill in éagmais athchóirithe chun an reáchtáil toghchán saor cothrom a chinntiú. Lean an tSiombáib uirthi saincheisteanna suntasacha daonnúla agus forbartha, mar go raibh easpa seirbhísí éigeantacha amhail sláinte, oideachas, uisce agus sláintíocht. D’ainneoin roinnt cobhsaíochta i 2011, bhí an cás geilleagrach fíordheacair go fóill.

Tá an ráta VEID sa tSiombáib cobhsaithe, ach tá sé go fóill ar cheann de na rátaí is airde ar domhan. Díríonn clár VEID Chúnamh Éireann ar chosc, ar chóireáil, ar chúram agus ar thacaíocht. Is é sprioc an chláir cosc feabhsaithe VEID agus SEIF agus laghdú a dtionchair ar an tír. Thacaigh Cúnamh Éireann le líon beag eagraíochtaí neamhrialtasacha agus Líonra SEIF na Siombáibe, ar líonra náisiúnta é ina bhfuil breis agus 200 eagraíocht neamhrialtasach ag freagairt do VEID agus SEIF. Chuir Cúnamh Éireann le céim dheiridh an *Chláir Fairsingithe Tacaíochta* freisin atá bainistithe ag Clár Forbartha na Náisiún Aontaithe, ag obair i gcomhar le hAireacht Sláinte agus Leasa Leanaí na Siombáibe. Bhí measúnú tionchair deiridh an chláir an-dearfach lenar sonraíodh gur *soiléir gur chuir sé go suntasach leis an bhfreagairt i sé dhúiche dhéag*€agus ag an leibhéal náisiúnta freisin.

I 2011, bhog an clár chun tacaíocht a thabhairt do théarnamh na Siombáibe trí ranníocaíocht airgeadais le haghaidh an Chiste Trasdula Sláinte (HTF) nua, a ceapadh leis an tseirbhís sláinte a scriosadh le linn mheath na Siombáibe le deich mbliana anuas a atógáil. Tá an HTF á bhainistiú ag CÉINAL agus is clár cúig bliana de chistiú comhthiomsaithe ildeontóra atá dírithe ar chabhrú leis Aireacht Sláinte agus Leasa Leanaí chun an córas náisiúnta sláinte a neartú. Tá béim ar leith ag an HTF ar shláinte agus cothú máithreacha, naíonán nuabheirthe agus leanaí a fheabhsú, agus chuir Cúnamh Éireann €2 milliún i 2011Áirítear ar na torthaí tábhachtacha a bhaineadh amach i 2011:

- Soláthar cuimsitheach seirbhísí coisc, cóireála agus cúram i sé dhúiche dhéag sa tSiombáib do dhaoine a dtéann VEID agus SEIF i bhfeidhm orthu. Cuireadh cóireáil frith-aisvíreasach ar fáil do 72,000 duine idir 2007 agus 2010, agus tionscnaíodh 14,000 othar nua i 2011
- Soláthar cúraim agus tacaíochta do dhaoine a dtéann VEID agus SEIF i bhfeidhm orthu ag an leibhéal pobail. Bhain níos mó ná 10,000 duine leas as tacaíocht Chúnamh Éireann i 2011
- Cumas níos mó eagraíochtaí neamhrialtasacha na Siombáibe chun seirbhísí a sholáthar agus tacaíocht a thabhairt do dhaoine a dtéann VEID agus SEIF i bhfeidhm orthu
- Tacaíocht do théarnamh na Siombáibe trí thosaíochtaí sa Chiste Trasdula Sláinte a shocrú

Barevy Mohamed Abdirahman agus Farhiya Adbi Billow, An tSomáil, 2011. Grianghraf ag Jennifer O'Gorman, Concern



# Ag Freagairt d'Éigeandálaí

# Ag Freagairt d’Éigeandálaí

## Freagairt do ghéarchéimeanna daonnúla, fulaingt a mhaolú agus saol a atógáil



Muintir na háite a ndearna géarchéim bia na Somáile difear dóibh agus iad ag fáil soláthairtí, Dullow, An tSomáil, 2011. Grianghraf ag COOPI

I rith 2011, bhí dúshláin shuntasacha dhaonnúla os comhair mórán tíortha. Bhí tionchar mór ag an ngéarchéim leanúnach dhomhanda airgeadais agus gheilleagrach agus ag praghsanna bia luaineacha. Ag an am céanna, lean na milliúin duine orthu maireachtáil le héifeachtaí na dtubaistí nádúrtha, agus bhí coinbhleachtaí leanúnacha ina gcúis le fulaingt iontach maidir leis na milliúin duine eile.

I mórán cásanna, bhí tuilleadh bagairtí ar a saol os comhair na ndaoine a ndeachaigh géarchéimeanna i bhfeidhm orthu mar gheall ar éifeachtaí an athraithe aeráide. Thaispeáin crith talún sa tSeapáin go bhféadann tíortha ardioncaim tubaiste a fhulaingt freisin. In áit eile, thug Earrach na nArabach roinnt dóchais ar fud na hAfraice Thuaidh agus an Mheánoirthir, ach chonacthas cliseadh na seirbhísí sóisialta agus buarthaí daonnúla tromchúiseacha i dtíortha ar nós na Libia agus na Siria.

Ar fud Chorn na hAfraice, bhí dianghá cúnaimh de dhíth ar 12 milliún duine mar gheall ar thriomach, go háirithe sa tSomáil a bhí scriosta ag coinbhleacht, mar ar lean gníomhaireachtaí cúnaimh orthu streachailt na ndaoine sa ghátar is mó a shroicheadh. Ag an am céanna, tháinig foréigean ar fud na tíre a raibh bás agus scriosadh mar thoradh air as toghcháin iomaíochta sa Chósta Eabhair, agus tháinig foréigean agus díláithriú tar éis na breithe tíre nua sa tSúdáin Theas a bhí síochánta ar dtús. Sainaithníodh cásanna de chalar ar fud an domhain i mbéal forbartha, ón Afraic Láir go Háítí, arb ionann í agus an tír is boichte sa leathsféar thiar agus a bhí ag streachailt an crith talún millteach i 2010 a shárú. Idir an dá linn, bhí tuilleadh fulaingthe agus caillteanais sa Phacastáin, sa Cholóim, sa Téalainn, sna hOileáin Fhilipíneacha agus an-chuid de Mheiriceá Láir ina thoradh ar olltuile. Bhí comharthaí de leibhéil easnaimh bhia ar ábhair bhuartha iad agus de ghéarchéim a d’fhéadfadh a bheith ann sa todhchaí i réigiún na Saiheile san Afraic amhail deireadh 2011.

Chuir Éire breis agus €66 milliún ar fáil i gcistiú éigeandála agus téarnaimh i 2011, mar fhreagairt do na géarchéimeanna daonnúla seo agus cinn eile, ag cabhrú le saol a tharrtháil agus fulaingt agus anacair a mhaolú.

D’fhreagair Cúnamh Éireann do mhórchuid cásanna éigeandála, an ghéarchéim san Afraic Thuaidh san áireamh, inar chabhraigh cúnamh ó Éirinn le daoine ar dhíláithrigh an choinbhleacht sa Libia iad a chothú, a fheistiú agus a aslonnú. Mar fhreagairt do na géarchéimeanna móra bua a chuaigh i bhfeidhm ar an tSomáil, ar an gCéinia agus ar an Aetóip, chabhraigh tacaíocht ó Chúnamh Éireann le bia, uisce, díon agus sláintíocht éigeandála a chur ar fáil do na mílte fear, bean agus leanbh, agus le sábháilteacht na mban agus na gcailíní ag maireachtáil i gcampaí dídeanaithe plódaithe ar theorainn na Céinia leis an tSomáil a chinntiú. Ar fud na bliana, chuir Cúnamh Éireann cistiú ar fáil freisin mar fhreagairt d’éigeandálaí fadtéarmacha daonnúla sa tSúdáin, i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó, i Sead, sa Nígir, in Éimin agus san Afganastáin.

Lean Cúnamh Éireann infheistiú in athléimneacht agus i dtéarnamh - €éamh-chás’ agus €ar-chás’ na gcásanna géarchéime daonnúla - sa Ghaimbia, sa Ghuine, sa tSúdáin Theas agus in oirthuaisceart na Somáile. Chabhraigh cistiú ó Chúnamh Éireann freisin le tacaíocht a thabhairt do shainghníomhaíochtaí réitigh mhianach, rud a lig do ghníomhaireachtaí daonnúla bogadh go saor, agus do phobail áitiúla barra a chur agus a saol a atógáil.

Mar chríoch, lean an Tionscnamh Mearfhreagartha air ról ríthábhachtach a imirt le linn 2011 in oibríochtaí daonnúla Chúnamh Éireann. Baineadh úsáid as Cór Mearfhreagartha Chúnamh Éireann 47 uair, mar aon le mórlastais soláthairtí fóirithinte ó stoic réamhshuite dhaonnúla na hÉireann. Díríodh iad seo ar chabhrú a thabhairt dóibh i ngátar i ngéarchéimeanna amhail an tSomáil, an Chéinia, an tSiria, na hOileáin Fhilipíneacha agus an Afraic Thuaidh.

# Á sroicheadh in am: Freagairt na hÉireann do ghéarchéim Chorn na hAfraice

Le linn 2011, chonacthas ceann de na géarchéimeanna bia is déine sa réigiún le seasca bliain anuas i gCorn na hAfraice. Chuathas i bhfeidhm ar níos mó ná 13 milliún duine i gceantair ar bhuail triomach iad i bPoblacht Djibouti, san Aetóip, sa Chéinia agus sa tSomáil, le hocras os comhair na gcéadta míle duine. Mar gheall ar thriomach, d'éirigh an ghéarchéim tosaigh ina héigeandáil mharfach dóibh siúd a bhí ag fulaingt ó bhochtaineacht cheana féin nó ina gcónaí i gceantair ag fulaingt ó choinbhleacht.

I ndeisceart na Somáile, laghdaigh coinbhleacht leanúnach agus cliseadh an stáit go mór cumas na ndaoine cur suas leis an ngéarchéim, chomh maith le rochtain do ghníomhaireachtaí daonnúla a shrianadh. Faoin samhradh 2011, bhí oibleagáid ar na Náisiúin Aontaithe staid ghorta a fhógairt i sé cheantar den tír, agus chuathas i bhfeidhm ar thimpeall ar 4 milliún duine. Chuir an comhcheangal millteach de thriomach agus de chogadh iallach ar líonta daoine nach bhfacthas roimhe teitheadh thar an teorainn isteach sa Chéinia agus san Aetóip, rud a chuir tuilleadh brú ar acmhainní na rialtas agus pobal óstach an dá thír sin a bhí faoi bhrú cheana.

Ghníomhaigh Éire go mear chun cistiú agus cúnamh éigeandála a bhí ag teastáil go géar a chur ar fáil dár gcomhpháirtithe daonnúla ar fud an réigiúin. Faoi dheireadh 2011, dháil Cúnamh Éireann beagnach €12.5 milliún i gcistiú éigeandála ar ghníomhaireachtaí ag obair sa Chorn, rud a rinne ceann de na tíortha bronnta is suntasacha don iarracht fóirithinte per capita d'Éirinn. Chuir an tacaíocht sin leis an gcistiú a cuireadh ar fáil cheana dár gcomhpháirtithe a luaithe is 2010, nuair a tháinig na chéad tuartha chun cinn go mbeadh géarchéim ann.

Chomhlánaigh cistiú fóirithinte éigeandála Éireannach freisin cláreagrú forbartha fadtéarmaí Chúnamh Éireann ar fud an réigiúin, lena n-áirítear ár dtacaíocht do *Chlár Líontán Sábhála Táirgiúil* Rialtas na hAetóipe a sholáthraíonn aistrithe ioncaim do dhaoine leochaileacha agus a bhí ríthábhachtach in athléimneacht na hAetóipe in aghaidh triomaigh anuraidh. Mar gheall ar bhearta ullmhachta agus athléimneachta a rinne an Rialtas, ar thacaigh Éire agus tíortha bronnta eile leo, ní dheachaigh an ghéarchéim i bhfeidhm ar an Aetóip a oiread céanna an babhta seo.

Lig cistiú éigeandála ó Chúnamh Éireann do ghníomhaireachtaí daonnúla a gcuid oibríochtaí ar fud an réigiúin a mhéadú; tugadh tosaíocht ar leith d'eagraíochtaí a bhfuil láithreacht oibríochtúil acu sa tSomáil, lena n-áirítear Concern, Trócaire, Cónaidhm Idirnáisiúnta Chumann na Croise Deirge agus Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe, as a gcuid oibre le pobail áitiúla agus dídeanaithe Somálacha ón gCéinia agus ón Aetóip, rud a chabhraigh le bia, le huisce agus le cúram leighis a bhí ag teastáil go géar a thabhairt dóibh siúd i ngátar.

Rinne Cúnamh Éireann dhá aeraistriú mhóra d'uisce éigeandála agus d'ábhar dín chuig Concern agus UNHCR as a gcuid gníomhaíochta sa tSomáil agus sa Chéinia. Dháil Concern iad sin do na mílte teaghlach leochaileach i Mogaidisiú agus i gceantair eile i ndeisceart agus i lár na Somáile, agus fuair UNHCR 1,000 puball teaghlaigh le haghaidh suas le 5,000 duine i gCampa Dídeanaithe Dadaab i dtuaisceart na Céinia. D'imlonnaigh Cúnamh Éireann 26 ball dá Chór Mearfhreagartha féin go gníomhaireachtaí daonnúla sa réigiún.

Beagnach bliain ina dhiaidh sin, tá an cás daonnúil foriomlán i gcuid mhór den réigiún feabhsaithe go mór, mar gheall den chuid is mó ar an olloibríocht chúnaimh ar chabhraigh tíortha bronnta amhail Éire le tacaíocht a thabhairt di. Mar sin féin, is cás géarchéimneach é do na milliúin duine go fóill, go háirithe sa tSomáil, mar a bhfuil an-teorainn le rochtain do ghníomhaireachtaí cúnaimh. Tharraing deontóirí agus gníomhaireachtaí cúnaimh araon aird ar an ngá le ceachtanna a fhoghlaim ón ngéarchéim sa Chorn agus le hiarrachtaí níos mó fós a dhéanamh chun dul i ngleic le fréamhchúiseanna na leochaileachta agus athléimneacht na bpobal a ndeachthas i bhfeidhm orthu a fhorbairt. Dá bhrí sin, leanfaidh Éire uirthi tosaíocht a thabhairt d'athléimneacht, do shlite beatha inbhuanaithe agus do tháirgiúlacht talmhaíochta i gCorn na hAfraice mar chuid dár n-iarracht ar réitigh fhadtéarmacha a chur chun cinn agus chun cabhrú le cosc a chur ar ghéarchéim den chineál sin ag tarlú athuair.



Tairbhithe stampaí bia.  An tSomáil Theas-Láir, 2011. Grianghraf: Jennifer O'Gorman, Concern

## **Scéal Cáis** - Tacú le daoine leochaileacha sa tSomáil

Is máthair de cheathrar leanaí í Sadiyo Samei Adbullahi a bhain tairbhe as clár Trócaire sa tSomáil Theas-Lár.

*Bhí fadhbanna móra ag mo theaghlach go leor bia a fháil sular thacaigh an clár seo linn. Chailleamar ár bhfoinsí bia go léir (beostoc agus barra) mar gheall ar thriomach agus bhí an saol dofhulaingthe linn. Ó cuireadh mo theaghlach san áireamh sa chlár, áfach, faighim bia rialta don teaghlach ar fad agus is féidir liom soláthar do mo theaghlach. Tá mo photaí cócaireachta trí thine go arís!* arsa Sadiyo.

Chabhraigh Cúnamh Éireann le clár Trócaire sa tSomáil Theas-Lár chun rochtain ar bhia, ar uisce agus ar an modh le beatha a shaothrú a chur ar fáil do 30,000 duine leochaileach. Cuireadh bia, uisce glan, agus míreanna bunúsacha tí ar fáil do Sadiyo agus dá teaghlach. Tairgeadh tacaíocht dóibh freisin le haghaidh athchur carr, astocáil beostoic agus cúram tréidliachta. Mar thoradh air sin, tá Sadiyo agus a fear céile ábalta anois soláthar dá riachtanais féin agus do riachtanais a gceathrar leanaí.

# Ár dTosaíochtaí Téamacha


| | |
|---|---|
| Ocras | 44 |
| Comhshaol | 45 |
| Comhionannas Inscne | 46 |
| Rialachas | 47 |
| Sláinte | 48 |

# Ocras

Tá an comhrac in aghaidh ocras domhanda ina cholún lárnach de bheartas eachtrannach na hÉireann agus dár gclár forbartha idirnáisiúnta. Is ceannasaí agus tacadóir domhanda Éire maidir le saincheist an ocrais, agus go háirithe maidir leis an ngá práinneach chun dul i ngleic le tearc-chothú máithreacha agus babaithe. Tá Cúnamh Éireann tiomanta do 20% dá acmhainní a leithdháileadh ar an gcomhrac in aghaidh ocras domhanda agus tá páirt aige le comhpháirtithe idirnáisiúnta i raon leathan tionscnamh a bhaineann le hocras ag an leibhéal domhanda agus tíre.

Tá ról tábhachtach á imirt ag Éirinn leis an nGluaiseacht Scaling Up Nutrition (SUN), ar gluaiseacht dhomhanda í a thugann comhpháirtithe forbartha, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus an earnáil phríobháideach le chéile chun comhrac i gcoinne tearc-chothú máithreacha agus leanaí. Óna seoladh i 2010, mhéadaigh an ghluaiseacht SUN tiomantas polaitíochta idirnáisiúnta do thearc-chothú a chomhrac. D'éirigh léi struchtúir a chur i bhfeidhm i dtíortha ag a bhfuil na rátaí is airde tearc-chothaithe a áirithíonn go dtugtar tosaíocht náisiúnta do chothú. I 2011, rinne an tionscnamh seo dul chun cinn seasta, mar go bhfuil 27 tír i mbéal forbartha tiomanta don chreat SUN a chur chun feidhme. I mí an Mheithimh 2011, ghlac Eamon Gilmore T.D., an Tánaiste, agus Hillary Clinton, Rúnaí Stáit na Stát Aontaithe, páirt i seoladh na Gluaiseachta SUN sa Tansáin. Tá Éire ina tacadóir láidir freisin don ghluaiseacht SUN i Mósaimbíc, sa Mhaláiv, in Uganda, san Aetóip, sa tSaimbia agus i Siarra Leon.

D'fhorbair Éire comhpháirtíocht nua leis an gCuibhreannas Idirnáisiúnta Talún i 2011 atá dírithe ar shaincheist thábhachtach chearta talún na mban. Tá an cumas chun rochtain ar, agus cearta a dhaingniú ar, thalamh ríthábhachtach le haghaidh slándáil bia agus cothaithe. Is minic a bhíonn bacainní ar mhná ina leith seo. Cabhróidh an chomhpháirtíocht seo le heagraíochtaí ban ag leibhéil náisiúnta agus áitiúla dul i bhfeidhm ar phróisis chinnteoireachta um thionacht talún agus eolas a thabhairt d'idirbheartaíocht idirnáisiúnta ar rochtain agus cearta talún.



An Tánaiste le trádálaithe margaidh, Dakawe, An Tansáin, 2011. Grianghraf: Jeffery Barbee

Coinníodh tacaíocht láidir na hÉireann do thaighde talmhaíochta i 2011, le béim ar leith ar chothú a fheabhsú agus ar oiriúnú don athrú aeráide. Bhí tionchar láidir ag Éirinn ar athchóiriú an Ghrúpa Chomhairligh um Thaighde Idirnáisiúnta Talmhaíochta, ar eagraíocht dhomhanda é atá tiomanta do tháirgiúlacht talmhaíochta a fheabhsú i dtíortha i mbéal forbartha. Chinntigh tacaíocht na hÉireann go nglacann feirmeoirí beagsheilbhe agus pobail tuaithe i bhforbairt an taighde cheannródaíoch a dhéanann an líonra seo de ghníomhaireachtaí taighde, agus tá pleananna nithiúla ann chun áirithiú go bhfuil an taighde le leas na bhfeirmeoirí bochta beagsheilbhe, mná go háirithe.

# Comhshaol

I 2011, ag leibhéal domhanda, lean Rialtais orthu díriú ar thionchar an athraithe aeráide. Chuir an mhinicíocht agus déine mhéadaithe teagmhas adhaimsire le leochaileacht na ndaoine bochta.

I roinnt dár dtíortha comhpháirtíochta, go háirithe sa Mhaláiv, san Aetóip agus i Mósaimbíc, bhí fócas neartaithe ar an athrú aeráide inár gcláir i 2011, agus go háirithe ar chuspóirí aeráide agus slándála bia agus cothaithe. Den chéad uair riamh, dáileadh buiséad tiomanta athraithe aeráide de €1.75 milliún chun comhrac in aghaidh éifeachtaí an athraithe aeráide ag leibhéil dhomhanda agus tíortha comhpháirtíochta.

Lean Éire uirthi tacaíocht a thabhairt don *Chiste do na Tíortha is Lú Forbairt* de chuid Áis do Thimpeallacht na Cruinne. I 2011, sholáthair Cúnamh Éireann €0.5 milliún don Chiste seo a d'fhaomh US$217 milliún do thionscadail agus a thiomsaigh níos mó ná $919 milliún i gcómhaoiniú óna thabhairt isteach i 2002. Chuir an Ciste ar chumas 48 ceann de na tíortha is leochailí ar domhan acmhainní a rochtain le haghaidh a bpleananna náisiúnta oiriúnaithe aeráide, agus tacaíonn sé anois leis an bpunann is mó de thionscadail oiriúnaithe aeráide sna tíortha is lú forbairt. Is iad seo na trí réimse tacaíochta is mó: slándáil bia agus talmhaíocht, bainistíocht agus cosaintí cósta, agus acmhainní uisce.

Ina theannta sin, thiomain Éire suas le €100 milliún do thíortha i mbéal forbartha ar feadh na tréimhse trí bliana 2010 go 2012, chun cabhrú leo cur suas leis an athrú aeráide. Freagraíonn sé seo do rannpháirtíocht na hÉireann i dtiomantas domhanda níos leithne Maoinithe Mearthúis ag tíortha forbartha ar aidhm dó US$30 billiún i maoiniú a sholáthar chun cabhrú le haghaidh a thabhairt ar éifeachtaí an athraithe aeráide. Faoi dheireadh 2011, rinne Éire ranníocaíocht €76 milliún i Maoiniú Mearthúis.

I Mósaimbíc, thacaigh Éire le hobair leanúnach Institiúid Náisiúnta an Rialtais um Bainistíocht Tubaistí (INGC). Déanann an INGC ullmhú agus freagairt do thubaistí nádúrtha, amhail triomach, tuilte agus cioclóin thrópaiceacha, rudaí a dhéanann ceann de na tíortha is leochailí ar thionchair an athraithe aeráide de Mhósaimbíc. I 2011, sheol an INGC an dara céim dá hobair ullmhachta tubaiste le haghaidh córais réamhrabhaidh, bearta cosanta cósta, bainistíocht uisce agus slándáil bia.

### Cabhrú le cathracha a thógáil a fheidhmíonn le haghaidh daoine agus an phláinéid

Bhí fás cathracha nach bhfacthas roimhe i dtíortha i mbéal forbartha go háirithe, agus tá formhór an daonra dhomhanda ina chónaí i gceantair uirbeacha. Maoiníonn Cúnamh Éireann an Institiúid Idirnáisiúnta um Chomhshaol agus Forbairt (IIED), ar príomhinstitiúid dhomhanda taighde comhshaoil agus forbartha. Comhairlíonn IIED rialtais, gnóthais agus gníomhaireachtaí forbartha maidir le conas cathracha atá rialaithe níos fearr agus níos inbhuanaithe a fhorbairt a thairgeann díon daingean agus rochtain ar sheirbhísí do chónaitheoirí, a laghdaíonn a leochaileacht ar ghuaiseacha comhshaoil agus a laghdaíonn tionchar na gcathracha ar an gcomhshaol.

Trína chuid oibre le Shack/Slum Dwellers International agus an Asian Coalition for Housing Rights, chabhraigh an IIED le múnlaí nua rialachais dhíláraithe uirbigh a fhorbairt chun pobail uirbeacha a chumasú lena n-údaráis chathrach a choimeád cuntasach. I bhfocail Savita Sonawane, ball de cheann de ghrúpaí comhpháirtíochta an IIED i Pune, an India:

**"Trí na cistí do bhoicht uirbeacha agus dár gcoigilteas, is féidir linn ár gcumais a thaispeáint dár gcathair.... Is comhpháirtithe sinn anois i gcomharsanachtaí a athrú agus a uasghrádú, tugann an chathair cuireadh dúinn anois obair ar uasghrádú réiteach neamhfhoimiúil agus i gcomaoin, déanaimid gach bean agus a teaghlach páirteach sa phróiseas seo um an gcomharsanacht a aistriú"**

# Comhionannas Inscne

I rith 2011, lean Cúnamh Éireann air coinneáil lena sprioc bheartais: *chun tacú leis an mbaint amach comhionannais inscne mar chomhpháirt éigeantach d'fhorbairt dhaonna* . Rinne sé amhlaidh trí obair i gcomhpháirtíocht le rialtas, le heagraíochtaí neamhrialtasacha agus le heagraíochtaí iltaobhacha amhail Mná NA.

Tá áirithiú rochtana cothroime ar sheirbhísí ardchaighdeáin oideachais agus sláinte ar an mbonn dár gcuid oibre ar chomhionannas inscne go fóill. I rith 2011, cuireadh tacaíocht leantach ar fáil do na hearnálacha oideachais sa tSaimbia, i Mósaimbíc, i Leosóta agus in Uganda. Tá gné láidir comhionannais inscne ag na cláir sin, lena n-áirítear an fhorbairt agus an cur chun feidhme beartas cosanta do leanaí leochaileacha agus bearta cuir chun feidhme leis an gcoinneáil cailíní ar scoil a chur chun cinn.

Agus é ag obair chun máithreachas a dhéanamh níos sábháilte agus chun rialú níos fearr ar a dtorthúlacht a thabhairt do mhná, thacaigh Cúnamh Éireann le cláir shláinte mháithreachais agus atáirgthe san Aetóip agus sa Tansáin.

Tá neamhionannas inscne agus íochtaránacht na mban ina spreagthach tábhachtach den phaindéim VEID agus SEIF. Is mná iad 60% de dhaoine atá ag maireachtáil le VEID san Afraic fho-Shahárach, agus tá ualach an chúraim ar mhná den chuid is mó. Bhí tionchar suntasach ag tacaíocht a cuireadh ar fáil d'eagraíochtaí amhail an Ciste Domhanda in aghaidh SEIF, na hEitinne agus na Maláire a chomhrac, eagraíocht a fuair €9.35 milliún i 2011, ar shaol na mban a chónaíonn leo siúd a bhfuil VEID acu nó a thugann aire dóibh.

Gné thábhachtach de chlár comhionannais inscne Chúnamh Éireann is ea tacú le comhpháirtithe rialtais ag an leibhéal náisiúnta agus áitiúil san Aetóip, i Mósaimbíc, i dTíomór Thoir, in Uganda, san Afraic Theas agus sa tSaimbia le beartais, cláir agus reachtaíocht inscne a fhorbairt agus a chur chun feidhme. I 2011, d'oibrigh Cúnamh Éireann leis an Rialtas agus le heagraíochtaí neamhrialtasacha sa tSaimbia chun tacú le forbairt agus cur i bhfeidhm na reachtaíochta nua maidir le foréigean inscne.

Tosaíocht thábhachtach eile is ea rannpháirtíocht bhríoch na mban i gcinnteoireacht agus i bpolaitíocht a áirithiú. Tiomnaíonn Plean Gníomhaíochta Náisiúnta maidir le Rún 1325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe ar Mhná, Síocháin agus Slándáil a d'fhaomh Rialtas i 2011, do thacú le rannpháirtíocht pholaitíochta na mban i stáit iar-choinbhleachta. I rith 2011, cuireadh €1 milliún ar fáil chun tacú leis an bpróiseas toghcháin 2012 i Siarra Leon, a gcabhróidh cuid de le páirtithe polaitíochta straitéisí inscne a fhorbairt agus oiliúint inscne agus múscailt feasachta a dhéanamh ag an leibhéal toghcheantair.

# Rialachas

Tá dea-rialachas éigeantach le haghaidh forbartha. Tagann torthaí níos fearr do phobail as, agus cabhraíonn sé le cuntasacht shoiléir, rannpháirtíocht láidir na ndaoine ina bhforbairt féin, agus cosaint agus cur chun cinn chearta an duine a áirithiú.

I 2011, lean Cúnamh Éireann air tacú le dea-rialachas i raon bealaí ar fud na gclár go léir trí rannpháirteachas le rialtais ar comhpháirtithe iad, le heagraíochtaí neamhrialtasacha agus le gníomhaireachtaí iltaobhacha amhail na Náisiúin Aontaithe. De bhreis air sin, cuireadh tacaíocht shonrach agus spriocdhírithe ar fáil d'obair i réimsí na cuntasachta, an chánachais le haghaidh forbartha, agus chearta an duinLean tacaíocht Chúnamh Éireann do Chumann na bParlaiminteoirí Eorpacha le haghaidh na hAfraice uirthi forbairt a dhéanamh ar ról na bparlaimintí, in Éirinn agus i dtíortha i mbéal forbartha ar nós na Súdáine Theas araon, i bhforbairt inbhuanaithe agus i mbaint amach Spriocanna Forbartha na Mílaoise a chur chun cinn.

Trí Transparency International, lean Cúnamh Éireann air tacaíocht a thabhairt do chomhcheangal cumhachtach domhanda le deireadh a chur le tionchar millteach an éillithe ar fhir, ar mhná agus ar leanaí. Tá timpeall ar 90 caibidil náisiúnta ag Transparency International, a dhéanann éilliú a chomhrac agus follasacht i dtoghcháin, i riarachán poiblí, i soláthar agus i ngnó a chur chun cinn.

Dúshlán lárnach os comhair mórán tíortha i mbéal forbartha is ea feabhas a chur ar an úsáid a bhaineann siad as acmhainní intíre, chun tuilleadh ioncaim a thiomsú i mbealaí atá éifeachtúil, níos cothroime agus a chuireann dea-rialachas chun cinn. Chun tacú leis seo, mhaoinigh Cúnamh Éireann roinnt tionscnamh i 2011, amhail an African Taxation Administrators Forum. Is é is aidhm dó cumas na dtíortha i mbéal forbartha a fhorbairt lena gcórais bhailithe cánach a fheabhsú. Lean Cúnamh Éireann air freisin tacaíocht a thabhairt don chomhar rathúil idir Coimisinéirí Ioncaim na hÉireann agus Údarás Ioncaim Ruanda. Tá dul chun cinn á dhéanamh sa chomhthéacs seo, toisc gur mhéadaigh an Afraic fho-Shahárach a bailiúchán ioncaim faoi thrí ó 2002.

I 2011, thacaigh Cúnamh Éireann le Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine ina chuid oibre i gcumas na n-institiúidí náisiúnta um chearta an duine ar an Afraic a fhorbairt.

# Sláinte

Chabhraigh Éire le bunú an Chiste Dhomhanda in aghaidh SEIF, na hEitinne agus na Maláire i 2011. Chomhaontaigh an pobal idirnáisiúnta ag an am go raibh cistiú méadaithe agus comhpháirtíocht dhomhanda ag teastáil go géar leis na galair sin a chomhrac, a raibh ina gcúis leis na milliúin bás in aghaidh na bliana, i dtíortha i mbéal forbartha den chuid is mó. Féachann an Ciste Domhanda le cinntiú go gcuireann daoine i dtíortha a gcláir féin a chur chun feidhme, bunaithe ar a dtosaíochtaí agus cuireann sé maoiniú ar fáil ar choinníoll go mbaintear torthaí infhíoraithe amach. Ón mbliain 2001, rinne Éire ranníocaíocht de bhreis agus €133 milliún leis an gCoiste le haghaidh SEIF, an eitinn agus an mhaláire a chosc agus a chóireáil i dtíortha i mbéal forbartha agus d'oibrigh sí go héifeachtúil ag leibhéal an Bhoird.

I 2011, lean Cúnamh Éireann air obair ina thíortha comhpháirtíochta i gcomhar dlúth le haireachtaí sláinte, leis an gCiste Domhanda agus le heagraíochtaí déthaobhacha agus iltaobhacha eile chun éifeachtacht an chistithe seo a uasmhéadú agus rialachas áitiúil agus maoirseacht ag an leibhéal náisiúnta a neartú. Meastar go bhfuil breis agus 4,000 beatha á dtarrtháil ag cláir an Chiste Dhomhanda gach lá.

I mí na Bealtaine 2011, d'éirigh Éire ina cathaoirleach ar Ghrúpa Toghcheantair tionchair Point Seven de Bhord an Chiste Dhomhanda ina bhfuil an tSualainn, an Iorua, an Danmhairg, an Ísiltír agus Lucsamburg. Sa suíomh seo, bhí Éire i mbun dianiarrachta chun cabhrú le rialachas agus maoirseacht a neartú laistigh den Chiste Domhanda féin agus i measc tíortha fála. Bhí sé seo ina chuid de chlár foriomlán athchóirithe a chuir múnla cistithe nua san áireamh d'fhonn cúnamh sa todhchaí a dhéanamh níos éifeachtaí fós, córais bhainistíochta airgeadais a neartú ag an leibhéal tíre agus bainistíocht riosca ghníomhach a chur san áireamh.

Cuireadh tuilleadh athchóirithe rialachais i bhfeidhm d'fhonn maoirseacht agus rialuithe an Bhoird a neartú. Rinneadh Coistí den Bhord a réasúnú agus a athchóiriú chun éifeachta, rud as ar tháinig línte níos soiléire freagrachta agus cinnteoireacht atá níos éifeachtúla. Freagraíodh do gach ceann de na feabhsuithe sin i straitéis nua le haghaidh an Chiste Dhomhanda 2012-2016. Leanann Éire uirthi an Bord a threorú chun áirithiú go gcuirtear na hathchóirithe i bhfeidhm.

# Ár gComhpháirtithe Forbartha


| | |
|---|---|
| **Non-Governmental Organisations** | 50 |
| **Eagraíochtaí Neamhrialtasacha** | 54 |

# Eagraíochtaí Neamhrialtasacha

Oibríonn Cúnamh Éireann go dlúth le raon leathan Eagraíochtaí Neamhrialtasacha chun dul i ngleic le bochtaineacht dhomhanda agus ocras domhanda. Tá rannchuidiú na n-eagraíochtaí neamhrialtasacha agus na misinéirí lárnach le fada in obair na hÉireann le tíortha i mbéal forbartha. Mar gheall ar a leathnú go pobail bhochta agus imeallaithe agus a gcumas chun freagairt, go háirithe i gcásanna daonnúla, is comhpháirtithe tábhachtacha den chlár cúnaimh oifigiúil iad. I 2011, chuir Cúnamh Éireann €95 milliún ar fáil do chomhpháirtithe eagraíochta neamhrialtasaí chun tacú lena rannpháirtíocht i bhforbairt fhadtéarmach, go háirithe san Afraic fho-Shahárach.

Tháinig deireadh leis an gclár reatha cistithe a thacaigh leis na heagraíochtaí neamhrialtasacha forbartha príomha i 2011. Le haghaidh an timthrialla cistithe nua, tá a thacaíocht d'eagraíochtaí neamhrialtasacha á neartú ag Cúnamh Éireann trí chur chuige atá bunaithe ar thorthaí agus ar fheidhmíocht. Le cúnamh ó Dóchas, brateagraíocht na n-eagraíochtaí neamhrialtasacha forbartha Éireannacha, tugadh córas nua um iarratais chistithe agus um breithmheas cistithe isteach ó 2012 ar aghaidh. Cinntíonn an mheicníocht nua seo go bhfuil na critéir maidir le hiarratas a dhéanamh ar chistiú eagraíochta neamhrialtasaí follasach agus go bhfuil dáiltí deontais dírithe ar thorthaí.

D'oibrigh Cúnamh Éireann go dlúth freisin le Dóchas agus Comhlámh, arb é an cumann um oibrithe fillteacha forbartha é, chun cumas na n-eagraíochtaí neamhrialtasacha Éireannacha a fhorbairt agus chun dea-chleachtas san earnáil a chinntiú. Oibríonn comhpháirtithe eagraíochta neamhrialtasaí Chúnamh Éireann i raon earnálacha, lena n-áirítear sláinte, oideachas, talmhaíocht, comhionannas inscne, míchumas agus cearta an duine. Léiríonn na Cás-Staidéir seo a leanas roinnt samplaí dá gcuid oibre i 2011.



Rima Tharu lena máthair Nilam Tharu, Manpur Tapara, Neipeal, 2011 Grianghraf: Paja Ram Gupta

# **Cás-Staidéar** - An Tionscadal Oideachais Shóisialta agus Sláinte (SHEP), Neipeal

## Obair le chéile le haghaidh todhchaí níos fearr: Dul i mbun feachtais i leith sholáthar leictreachais i Neipeal thiar theas

Tá Nilam Tharu agus a leanaí ina gcónaí i Manpur Tapara, i Neipeal thoir theas. Ó tharla go rabhadar ina gcónaí i dtithíocht shealadach, bhí muintir an tsráidbhaile den tuairim go raibh neamhiontas á dhéanamh díobh ag an údarás leictreachais mar nach bhfuair ach tithe buana leictreachas. Le cúnamh ó Sahakarmi Samaj, ar eagraíocht forbartha pobail Neipealach í, bunaíodh grúpa a rinne stocaireacht go rathúil le go dtabharfaí leictreachas chuig an sráidbhaile. Leag sí béim freisin ar an ngá le beartas rialtais maidir leis an soláthar leictreachais a athrú.

Le tacaíocht airgeadais ó Chúnamh Éireann, agus i gcomhpháirtíocht leis a eagraíocht neamhrialtasach SHEP (an Tionscadal Oideachais Shóisialta agus Sláinte) lonnaithe i gCorcaigh, bunaíodh breis agus 150 grúpa pobal-bhunaithe i Neipeal mar thoradh ar obair Sahakarmi Samaj. Tá na grúpaí sin go léir ag obair chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais a bpobal, ag tabhairt buntáistí fíora agus buana do níos mó ná 4,400 duine faoi mhíbhuntáiste, ar nós Nilam agus a leanaí.



Cecilia Mattia, Sléibhte Imperri, Siarra Leon. Grianghraf: Nazma Kabir

## **Cás-Staidéar** - Christian Aid, Siarra Leon

## Paisean do cheartas i Siarra Leon

I Siarra Leon, tugann an tionscal mianadóireachta ioncam agus fostaíocht ríthábhachtach isteach sa an tír, ach is féidir le drochmhaoirseacht ar oibríochtaí mianadóireachta a bheith ina gcúis le hiarmhairtí millteacha ar phobail áitiúla trína gcuid ceartas ar a n-acmhainní féin a chur i mbaol, amhail talamh agus uisce.

Thiomain Cecilia Mattia í féin do chinntiú gur féidir le daoine a dtéann cinntí in earnáil na mianadóireachta i Siarra Leon i bhfeidhm orthu sciar cothrom de thairbhí an tionscail seo a éileamh.

Is comhordaithe den National Advocacy Coalition on Extractives (NACE) í Cecilia, a thugann 16 eagraíocht náisiúnta agus idirnáisiúnta le chéile chun tionchar a imirt ar bheartais náisiúnta mhianadóireachta. Le cabhair ó mhaoiniú Chúnamh Éireann, tá Christian Aid Ireland ag tacú le NACE ón mbliain 2004 trí shaineolaithe mianadóireachta a chur ar fáil le haghaidh comhairlithe agus trí ionadaithe ó na cuideachtaí mianadóireachta, parlaiminteoirí agus ceannairí áitiúla a thabhairt le chéile leis na fadhbanna a phlé.

Mar thoradh ar chuairteanna taithíochta agus stocaireacht an chuibhreannais, d'aontaigh an Rialtas athbhreithniú a dhéanamh ar na conarthaí a shínigh sé leis na cuideachtaí, agus go háirithe ar na clásail ar chúiteamh agus ar fhreagracht shóisialta.

Agus é ag aithint an tsaineolais agus rannchuidiú ríthábhachtach NACE sa phróiseas seo, chruthaigh an Rialtas comhpháirtíocht leo chun athbhreithniú a dhéanamh ar na dlíthe maidir le cúiteamh agus le hathshocrú. Sa chaoi seo, tá an cuibhreannas ag cabhrú le cinntiú go mbainfidh gach Siarra Leonach, agus ní amháin an scothaicme, leas as mianadóireacht i Siarra Leon.



Searmanas d'aistriú an teidil talún chuig Cocomopoca, Meán Fómhair 2011, an Cholóim. Grianghraf: Corporaciòn Tamboreov

# Cás-Staidéar - Trócaire, an Cholóim

## Tacú le coimhlint ar son cearta talún sa Cholóim

Déanann an grúpa pobail Cocomopoca ionadaíocht don phobal Afra-Cholómach i réigiún chósta an Aigéin Chiúin agus faigheann sé tacaíocht Chúnamh Éireann trí Trócaire agus Caritas. Tá an réigiún saibhir i mianraí agus in acmhainní ionchasacha hidrileictreacha, rudaí a thugann tábhacht shuntasach straitéiseach dhomhanda dó. Chuir an grúpa pobail seo, a mheastar go bhfuil 30,000 áitritheoir ann, tús lena gcomhchearta críche faoi Dhlí na Colóime a iarraidh i 1999. Faoin mbliain 2009, ní raibh ach 17,000 duine ann go fóill; bhí an chuid eile díláithrithe ag grúpaí paraimíleata agus treallchógaíocha a bhfuil leas acu sa talamh, i mianadóireacht nó i gconairí a dhaingniú le haghaidh cóca.

I mí an Mheithimh 2011, thug toscaireacht Caritas na Colóime, Mélida Esther Guevara ó Cocomopoca san áireamh, cuairt ar an Ríocht Aontaithe agus ar Éirinn chun feasacht a mhúscailt faoin gcás i measc parlaiminteoirí agus FPEnna. D'éirigh le Mélida agus lena pobal bronnadh foirmiúil a dteidil talún ag Rialtas na Colóime a bhaint amach agus tá Mélida cinnte go raibh an turas ar cheann de na príomhghnéithe a chabhraigh le brú a thógáil agus an teideal talún a luathú.

# Eagraíochtaí Neamhrialtasacha

Cuirtear níos mó ná trian de chúnamh oifigiúil forbartha na hÉireann trí eagraíochtaí idirnáisiúnta amhail na Náisiúin Aontaithe, an tAontas Eorpach agus an Banc Domhanda. Imríonn na heagraíochtaí seo ról lárnach i gcomhaontú idirnáisiúnta a chruthú ar dhúshláin thábhachtacha forbartha. Cuireann siad tacaíocht ar fáil freisin chun dul i ngleic le bochtaineacht, tacú le cearta an duine agus freagairt do chásanna éigeandála i bhformhór mór na dtíortha i mbéal forbartha nach bhfuil clár díreach ag Cúnamh Éireann iontu.

Comhordaíonn Cúnamh Éireann cláir forbartha go dlúth leis na heagraíochtaí idirnáisiúnta seo i dtíortha comhpháirtíochta, agus déanann sé faireachán ar a bhfeidhmíocht trí theagmháil a dhéanamh le meicníochtaí éagsúla faireacháin ar nós Bhoird Feidhmiúcháin na Náisiún Aontaithe nó tríd an gCoimisiún Eorpach agus tríd an gComhairle Eorpach.

## Na Náisiúin Aontaithe

I 2011, chuir Éire breis agus €100 milliún trí chóras na NA i gcúnamh oifigiúil forbartha. Dáileadh an cistiú seo go príomha ar ár ngníomhaireachtaí comhpháirtíochta príomha, amhail Clár Forbartha na NA (UNDP), CÉINAL, Ard-Choimisiún na Náisiún Aontaithe do Dhídeanaithe (UNHCR), Ciste na Náisiún Aontaithe ar mhaithe leis an bPobal, Clár Domhanda Bia na Náisiún Aontaithe, agus an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS). Áiríodh ar fhaighteoirí eile Oifig an Ard-Choimisinéara um Chearta an Duine agus Mná NA a cruthaíodh le déanaí, a oibríonn ar gach saincheist a bhaineann le comhionannas inscne agus le cumhachtú na mban. Tá an soláthar cistithe dá bpríomhoibríochtaí ríthábhachtach chun cur ar chumas ár ngníomhaireachtaí comhpháirtíochta sna Náisiúin Aontaithe a gceangaltais a chomhlíonadh agus freagairtí láithreacha a sholáthar do thubaistí daonnúla, ar nós an chreatha talún i Háítí i 2010. Is trína mBoird Feidhmiúcháin cuntasacht phríomha Chistí agus Chláir na Náisiún Aontaithe, agus fónann Éire ar chomhbhord UNDP agus NUFPA i 2011.

## An tAontas Eorpach

I dteannta a Bhallstát, tá an tAontas Eorpach ar an soláthraí is mó cúnaimh forbartha ar domhan, agus tacaíonn sé le raon clár i dtíortha i mbéal forbartha le córais dhaonlathacha d'institiúidí rialtais agus poiblí a chruthú atá éifeachtach agus cuntasach do shaoránaigh.

Príomhfhócas an AE is ea áirithiú go n-úsáidtear an cistiú a chuirtear ar fáil le haghaidh forbartha go héifeachtúil agus go bhfuil institiúidí an AE iomlán cuntasach, ní amháin do shaoránaigh an AE ach do thairbhithe ár gcúnaimh freisin. Ní mór do thíortha a fhaigheann cúnamh forbartha cinntiú go mínítear mar is ceart an cistiú a fhaigheann siad chun córais bhainistíochta airgeadais phoiblí atá láidir agus follasach a chur i bhfeidhm.

I 2011, b'ionann ranníocaíocht iomlán na hÉireann le hinstitiúidí an Aontais Eorpaigh le haghaidh cúnamh forbartha thar lear agus beagnach €110 milliún. Míníodh €72 milliún trí sciar na hÉireann de bhuiséad Chomhar um Fhorbairt de chuid an AE. B'ionann ranníocaíocht na hÉireann le Ciste Forbraíochta na hEorpa agus €29 milliún. Rinne Éire ranníocaíocht €3 milliún freisin leis an gComhantas Domhanda um Athrú Aeráide de chuid an AE.

Seiceálann Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, ar iniúchóir seachtrach an AE í, go ndéantar cistí an AE, iad siúd a chaitear ar ghníomhaíochtaí forbartha san áireamh, a mhíniú mar is ceart agus a chaitheamh i gcomhlíonadh na rialacha agus na reachtaíochta. Tá torthaí na tuarascála foilsithe ar shuíomh Gréasáin Chúirt Iniúchóirí na hEorpa.

Déanann an Coimisiún Eorpach faireachán agus measúnú rialta ar a chláir chúnaimh go léir freisin. Tá na measúnuithe seo faoi réir iniúchta ag gach Ballstát den AE, Éire san áireamh. Mar shampla, i 2011, chuir Éire le hiniúchadh ar chlár Chiste Forbraíochta

na hEorpa le haghaidh Mhósaimbíc, clár a dhírigh ar chórais Bhainistíochta Airgeadais Phoiblí a neartú agus follasacht agus cuntasach ar fud Rialtas Mhósaimbíc a mhéadú.

## An Banc Domhanda

Tacaíonn Grúpa an Bhainc Dhomhanda le tíortha i mbéal forbartha ina gcomhrac in aghaidh bochtaineachta trí chur ar fáil an chúnaimh airgeadais agus theicniúil atá ag teastáil chun trádáil agus infheistíocht a chur chun cinn. Tá sé seo tábhachtach go háirithe i mórán tíortha san Afraic a bhí millte ag bochtaineacht mar thoradh ar choinbhleacht. Teastaíonn tacaíocht ó na tíortha sin, a thagann siad as coinbhleacht, chun leibhéal téarnaimh inbhuanaithe agus fás geilleagrach atá treoraithe ag an earnáil phríobháideach a chur ar fáil le nach dtiocfaidh foréigean sna tíortha sin arís.

Tacaíonn Cúnamh Éireann leis an gCorparáid Airgeadais Idirnáisiúnta, arb ionann í agus géag na hearnála príobháidí den Bhanc agus dá thionscnamh um Stáit san Afraic a ndeachaigh Coinbhleacht i bhfeidhm orthu. I 2011, chabhraigh an tionscnamh seo le seacht dtír Afracacha, Siarra Leon agus an Libéir san áireamh, le feabhas a chur ar an timpeallacht ghnó ina dtíortha, go háirithe do ghnóthais bheaga agus mheánmhéide, trí athchóiriú rialála a chur chun feidhme agus bacainní riaracháin ar infheistíocht a bhaint. Tacaíonn Cúnamh Éireann freisin le hÁis an Bhainc Dhomhanda le haghaidh Seirbhísí Comhairleacha don Timpeallacht Infheistíochta ina cuid oibre le tíortha Afracacha chun feabhas a chur ar an timpeallacht ghnó do ghnóthais agus d'infheisteoirí. D'fhonn follasacht agus cuntasacht a chur chun cinn, cuireann an Banc Domhanda rochtain ar líne ar fáil ar an-chuid dá phunann doiciméadúcháin chláir.

## Cás-Staidéar

Déanann Éire cathaoirleacht faoi láthair ar an Líonra Measúnaithe Feidhmíochta Eagraíochtaí Iltaobhachacha (MOPAN), ar grúpa de 16 thír bhronnta iad a oibríonn le chéile chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na n-eagraíochtaí iltaobhacha a mhaoinímid. Cuimsítear i measúnuithe MOPAN suirbhéanna ar na céadta gairmí forbartha ó chomhpháirtithe Rialtais agus neamhrialtasacha a oibríonn go dlúth leis an eagraíocht iltaobhach lena mbaineann.

Soláthraíonn measúnuithe MOPAN faisnéis ábhartha agus inchreidte maidir le heagraíochtaí iltaobhacha chun cabhrú le baill riachtanais chuntasachta intíre a chomhlíonadh. Tugann na measúnuithe eolas freisin do dhíospóireachtaí beartais idir deontóirí, eagraíochtaí iltaobhacha agus a gcomhpháirtithe díreacha chun feabhas leanúnach thar thréimhse ama a chinntiú.

I 2011, rinne MOPAN an measúnú i 12 thír agus sna cúig eagraíocht iltaobhacha seo a leanas:

- Bia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe
- An Banc Forbartha Idir-Mheiriceánach
- Clár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe
- Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe
- Gníomhaireacht na Náisiún Aontaithe um Fhóirithint agus Oibreacha ar mhaithe le Dídeanaithe Palaistíneacha

I 2012, déanfaidh MOPAN measúnú ar shé eagraíocht bhreise, lena n-áirítear Clár Forbartha na Náisiún Aontaithe, Ciste Leanaí na Náisiún Aontaithe agus an Banc Domhanda. Is féidir measúnuithe roimhe seo, mar aon leis an bhfreagairt bhainistíochta ón eagraíocht iltaobhach lena mbaineann ag www.mopanonline.org.

Níonn cailín a lámha ag sconna uisce, Mósaimbíc, 2007. Grianghraif ag Panos



# Cuntasacht agus Éifeachtacht

# Cuntasacht agus Éifeachtacht

## An tAonad Iniúchóireachta agus Meastóireachta

Tá feidhm cheangailte Iniúchóireachta agus Meastóireachta Inmheánaí ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, arna bainistiú ag Aonad neamhspleách a thuairiscíonn go díreach don Ard-Rúnaí. Mar thoradh ar bhuiséad agus nádúr an chláir Chúnaimh, is ar Chúnamh Éireann atá béim ar leith d'obair an Aonaid.

Is é ról na hIniúchóireachta Inmheánaí scrúdú agus tuairisciú a dhéanamh go neamhspleách ar ar úsáideadh cistí agus acmhainní na Roinne do na cuspóirí as ar údaraíodh iad, ar míníodh iad i gcomhréir le Nósanna Imeachta Airgeadais Poiblí, agus an mbainistítear iad go héifeachtúil.

Is é ról na Meastóireachta an measúnú córasach agus oibiachtúil ar dhearadh, chur chun feidhme agus thorthaí na dtionscadal, na gclár agus na mbeartas. Is é is aidhm do mheastóireacht go háirithe an éifeachtúlacht gníomhaíochta agus a cuspóirí sonraithe a mheasúnú. Imríonn meastóireacht ról ríthábhachtach i bhfoghlaim ceachtanna agus i dtacú le cuntasacht na Roinne.

## Forbairtí ar Mheastóireacht

Gach bliain, sainaithníonn an tAonad Meastóireachta agus Iniúchóireachta obair i réimsí a gcuireann Cúnamh Éireann tábhacht iontu. Le linn 2011, chríochnaigh sé meastóireachtaí ar chláir thíre Chúnamh Éireann sa tSaimbia agus i Mósaimbíc. Rinne sé meastóireacht freisin ar Scéim Clár Ilbhliantúil Chúnamh Éireann (MAPS). Idir 2006 agus 2011, chuir an scéim seo cistiú ar fáil do roinnt eagraíochtaí neamhrialtasacha in Éirinn, lena n-áirítear Christian Aid, Concern Worldwide, GOAL, Self Help Africa agus Trócaire, agus chuir sí leibhéal suntasach cistithe ar fáil thar thréimhse cúig bliana. Leagtar achoimre ar an meastóireacht seo amach i mBosca 1.

Le linn na bliana, chuir foireann laistigh den Aonad raon tacaíochta teicniúla agus comhairlí ar fáil maidir le meastóireacht ar rannóga agus ar mhisin thar lear de chuid Chúnamh Éireann. Áiríodh anseo cabhair le forbairt na bpleananna meastóireachta maidir le straitéisí nua cláir thíre. D'oibrigh an tAonad freisin leis an rannóg Éigeandála agus Aisghabhála de Chúnamh Éireann agus le comhpháirtithe idirnáisiúnta eile chun Oifig nuálach um Meastóireacht agus Thacaíocht Foghlama i Port au Prince, Háítí. Cabhróidh an tionscnamh seo le cumas meastóireachta a fhorbairt laistigh den Rialtas, agus i sochaí Háítí.

I 2011, mar chuid de chlár le cumas meastóireachta ar fud Chúnamh Éireann a fhorbairt, d'fhorbair an tAonad lámhleabhar cuimsitheach oibríochtaí le haghaidh meastóireachta. Cuirfear é seo i bhfeidhm i rith 2012. D'oibrigh an tAonad freisin le rialtais eile agus le tionscnaimh mheastóireachta idirnáisiúnta chun measúnú níos déine ar thionchair fhadtéarmacha na gclár forbartha a chinntiú.

Toghadh Ceannasaí an Aonaid i 2011 mar leas-chathaoirleach de Líonra Meastóireachta Coiste Cúnaimh Forbartha OECD. Is fóram idirnáisiúnta tábhachtach é seo le haghaidh eispéiris a chomhroinnt agus caighdeáin i meastóireacht forbartha a chur chun cinn.

## Forbairtí ar Iniúchóireacht

Tosaíocht phríomha de chuid Chúnamh Éireann is ea áirithiú go gcaitear cistí poiblí i gceart le haghaidh an chuspóra as ar beartaíodh iad, agus go soláthraíonn siad luach ar airgead. Is é ról na hIniúchóireachta rannchuidiú go neamhspleách leis an dearbhú seo trí na nithe seo a leanas, mar shampla:

- Measúnuithe ar chórais bhainistíochta airgeadais phoiblí i dTíortha Comhpháirtíochta Chúnamh Éireann
- Iniúchtaí ar rialuithe inmheánacha i gCúnamh Éireann atá ceaptha chun áirithiú go mínítear cistí i gceart agus go n-úsáidtear iad le haghaidh na gcuspóirí as ar beartaíodh iad
- Iniúchtaí ar eagraíochtaí atá maoinithe ag Cúnamh Éireann, e.g. eagraíochtaí neamhrialtasacha, chun measúnú a dhéanamh ar ar míníodh cistí mar is ceart agus ar úsáideadh iad le haghaidh na gcuspóirí as ar beartaíodh iad

Tá Iniúchóireacht dírithe níos mó anois ar an dóigh a mbainistíonn ár dtíortha comhpháirtíochta a maoinithe poiblí. Sula ndéantar cistí a thabhairt do thír chomhpháirtíochta, déanann Cúnamh Éireann measúnú ar chórais airgeadais rialtais sa tír sin. Oibríonn Cúnamh Éireann le rialtais náisiúnta agus le comhpháirtithe eile chun tacú le córais de bhainistíocht airgeadais phoiblí agus iad a neartú, córais atá ríthábhachtach chun

cuntasacht a chumasú le haghaidh úsáid na gcistí poiblí. Tugtar tacaíocht freisin d'institiúidí iniúchóireachta náisiúnta agus do chomhlachtaí eile chun cuntasacht as cistí a chur chun cinn, amhail coistí cuntas poiblí i bparlaimintí agus in eagraíochtaí neamhrialtasacha.

## Coiste Iniúchóireachta na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

Feabhsaíonn Coiste Iniúchóireachta neamhspleách na Roinne ceann de na meicníochtaí trína bhfeabhsaítear cuntasacht i gCúnamh Éireann. Soláthraíonn an Coiste breithmheas agus faireachán ar na córais iniúchóireachta agus mheastóireachta. Is é atá sa Choiste cúigear ceapaithe neamhspleácha, beirt chuntasóirí cáilithe ar a laghad san áireamh, agus baill eile a bhfuil taithí ghairmiúil acu i réimse an chomhair forbartha agus na meastóireachta ar chláir chúnaimh. Tuairiscíonn an Coiste d'Ard-Rúnaí na Roinne agus buaileann sé leis an Ard-Reachtaire Ciste agus Cuntas. Foilsíonn sé tuarascáil bhliantúil ar a chuid oibre freisin.

**BOSCA 1 - Meastóireacht ar Scéim Clár Ilbhliantúil Chúnamh Éireann II (MAPS II)**

Tá an clár MAOS ar an gclár maoinithe is mó de chuid Chúnamh Éireann d'eagraíochtaí neamhrialtasacha, arna riar ag an Rannóg um Shochaí Shibhialta. Thacaigh MAPS II le roinnt eagraíochtaí neamhrialtasacha forbartha in Éirinn idir 2006 agus 2011, lena n-áirítear Christian Aid, Concern Worldwide, GOAL, Self Help Africa agus Trócaire. D'fhéach an Scéim le maoiniú suntasach ionchasach a chur ar fáil thar thréimhse cúig bliana a thugann an deis do gach eagraíocht a cumais agus a córais a neartú, bealach oibre córasach agus comhpháirtíocht a fhorbairt agus an soláthar torthaí fíora do dhaoine bochta a fheabhsú.

D'fhéach an mheastóireacht, arna bainistiú ag an Aonad Meastóireachta agus Iniúchóireachta agus arna déanamh ag comhairleacht sheachtrach mheastóireachta, ar an dóigh ar fheidhmigh gach ceann de na heagraíochtaí neamhrialtasaca in aghaidh chuspóirí na scéime MAPS, agus ar éifeachtacht an chaidrimh idir na heagraíochtaí neamhrialtasacha agus Cúnamh Éireann. Táirgeadh tuarascáil chuimsitheach maidir le gach ceann de na heagraíochtaí sin, chomh maith le tuarascáil fhoriomlán.

**Is iad seo príomhthorthaí na meastóireachta:**

- Rannchuidigh cláir atá maoinithe ag MAPS II go dearfach le bochtaineacht agus leochaileacht a laghdú.
- Tá mórchuid de chaiteachas cláreagraithe MAPS dírithe ar, agus bhain sí torthaí amach do, thairbhithe ag an leibhéal teaghlaigh agus pobail. Mar sin féin, bhí níos lú fianaise ann gur rannchuidigh caiteachas MAPS le hathrú córasach (e.g. feabhsuithe ar chórais agus struchtúir áitiúla seachadta, ar fhorbairt beartais, ar reachtaíocht nua, nó ar institiúidí náisiúnta).
- Bhí roinnt fianaise ann gur chuir comhpháirtithe MAPS béim níos mó ar straitéis agus ar chláreagrú le haghaidh torthaí níos suntasaí.
- Rannchuidigh MAPS le méadú ar acmhainneacht eagraíochta na gcomhpháirtithe go léir. Bhí roinnt fianaise ann gur feabhsaíodh cumas i measc chomhpháirtithe deisceartacha na ngníomhaireachtaí MAPS agus go bhfuil siad ag éirí níos inbhuanaithe.
- Tá an caidreamh straitéiseach idir na comhpháirtithe MAPS agus Cúnamh Éireann ar an ngné den chlár oibre MAPS II ar tháinig an fhorbairt is lú uirthi. Cé go bhfuil fianaise ann go gcomhoibríonn Cúnamh Éireann agus na comhpháirtithe MAPS go héifeachtach ag an leibhéal idirnáisiúnta, is beag nasc atá ann idir a bpleananna straitéiseacha faoi seach i dtíortha ina bhfuil ionadaíocht ag Cúnamh Éireann agus na comhpháirtithe MAPS.

Rinne an mheastóireacht moltaí atá sonrach do gach eagraíocht neamhrialtasach, mar aon le moltaí foriomlána do Chúnamh Éireann.


Campaí do dhaoine atá easáitithe go hinmheánach, Sead, 2007. Grianghraf ag Maxwell

# Rannpháirtíocht Phobal na hÉireann


| | |
|---|---|
| Eolas a thabhairt do Phobal na hÉireann | 62 |
| Cúnamh Éireann agus na Meáin | 63 |
| Development Education | 64 |

# Eolas a thabhairt do Phobal na hÉireann

Tugann suirbhéanna a rinneadh le blianta beaga anuas le tuiscint go bhfuil Éireannaigh tiomanta go fóill d'fhorbairt thar lear agus tá oibleagáid ar Éirinn leanúint uirthi tacú le cúnamh thar lear in ainneoin cúinsí deacra airgeadais.

Mar sin féin, ní féidir a bheith cinnte go mbeidh an leibhéal reatha tacaíochta poiblí do chúnamh ann go deo. Mar gheall ar na brúnna ar airgeadas poiblí, tá gach caiteachas poiblí faoi iniúchadh géar poiblí. Tá éilimh mhéadaithe ar thuilleadh follasachta agus cuntasachta do cháiníocóirí in Éirinn agus do shaoránaigh na dtíortha a fhaigheann cúnamh araon.

I gcoitinne, tá gá aitheanta ann le heolas agus le tuiscint ar shaincheisteanna forbartha, agus ar chlár cúnaimh an Rialtais, a fhorbairt i measc phobal na hÉireann. Tá Cúnamh Éireann ag obair go háirithe chun rannpháirtíocht agus tuiscint ar shaincheisteanna níos leithne forbartha, mar aon le ról an chúnaimh i measc phobal na hÉireann, a fhairsingiú. Tá sé seo tábhachtach má táimid in ann plé poiblí a éascú maidir le tosaíochtaí forbartha agus cuntasacht as an réimse suntasach seo de chaiteachas poiblí.

Is é aidhm obair Chúnamh Éireann ar fhaisnéis agus ar chumarsáid phoiblí ná tuiscint agus úinéireacht phoiblí ar an gclár trí raon bealaí cumarsáide, meán agus imeachtaí for-rochtana éagsúla. Sa chomhthéacs seo, déanann obair Ionad Oibre Deonaí agus Faisnéise Chúnamh Éireann, tacaíocht do Lá na hAfraice, cláir shuntasacha for-rochtana scoileanna agus obair phreasa agus na meán go léir feasacht an phobail ar chlár Chúnamh Éireann a mhéadú.

Óna oscailt i mí Eanáir 2008, mheall Ionad Oibre Deonaí agus Faisnéise Chúnamh Éireann breis agus 45,000 cuairteoir agus d'óstáil sé breis agus 1,000 comhdháil, seoladh, seimineár (níos mó ná 400 imeacht a bhaineann le hobair dheonach san áireamh), 35 taispeántas sealadach agus d'éascaigh sé níos mó ná 560 grúpa scoile. Siúd agus gur mheall an tIonad 10,000 cuairteoir sa bhliain ar an meán, léirigh na figiúirí 2011 méadú foriomlán cuairteoirí de 33% i gcomparáid le 2010. Cuimsíonn sé seo méadú de bheagnach 30% ar dhaltaí a thug cuairt ar an Ionad.

De bhreis ar an raon clár for-rochtana scoileanna a rinneadh ag an Ionad, cuireadh tús leis an seachtú timthriall de chuid €Ár nDámhachtainí Domhanda Chúnamh Éireann€i mí Mheán Fómhair 2011. Chláraigh timpeall ar 450 scoil le páirt a ghlacadh sna Dámhachtainí 2011/2012, agus cuireadh níos mó ná 1,000 tionscadal isteach sa deireadh. Bhí próifíliú an-suntasach ar na Dámhachtainí sna meáin náisiúnta agus réigiúnacha ar fud na bliana.

Ó thaobh na for-rochtana de, lean Cúnamh Éireann air tacú le himeachtaí Lá na hAfraice i 2011, faoi mar a rinne sé ó 2006. I 2011, cuireadh deontais ar fáil do ghrúpaí pobail timpeall na tíre agus do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus do Chomhairle Cathrach Luimnigh. Reáchtáladh raon imeachtaí cultúrtha agus oideachais a bhaineann leis an Afraic i mBaile Átha Cliath, i Luimneach agus i nGaillimh ón 22-28 Bealtaine. Áiríodh orthu ceol, ealaín, grianghrafadóireacht, cainteanna, díospóireachtaí agus gníomhaíochtaí oideachais, agus d'fhreastail timpeall is 9,000 duine ar na himeachtaí éagsúla.

# Cúnamh Éireann agus na Meáin



Joe Costello, an tAire Stáit, Brona Cumbers, Emmet Malone, Ionad Oibre Deonaí agus Faisnéise Chúnamh Éireann, 2012.
Grianghraf: Marc O'Sullivan

Imríonn na meáin ról tábhachtach in eolas a thabhairt do thuiscint an phobail ar shaincheisteanna domhanda forbartha. Díríonn taighde go seasmhach ar na meáin mar phríomhfhoinse faisnéise maidir le forbairt thar lear don phobal i gcoitinne. Sa chomhthéacs seo, tá tacaíocht Chúnamh Éireann do Chiste Meán Simon Cumbers ceaptha le clúdach meán a éascú a chuireann i láthair léargas cothrom agus réadúil ar na dúshláin os comhair pobal sa domhan i mbéal forbartha agus ar an dul chun cinn atá á bhaint amach.

